Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# AN PLEAN NÁISIÚNTA BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

## LE HAGHAIDH GEILLEAGAR CIORCLACH 2024-2030



IMLEABHAR II

**FREAGAIRTÍ BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA**

REGIONAL WASTE MANAGEMENT PLANNING OFFICES

# CLÁR ÁBHAR

## Cuid A: Príomh-Sheasaimh


**1 AN CHIORCLAÍOCHT 7**

**2 UAILLMHIAN 9**

**3 SPRIOCANNA 12**

3.1 Spriocanna Náisiúnta 12

3.1.1 Sprioc Náisiúnta 1: Tomhaltas Acmhainní 12

3.1.2 Sprioc Náisiúnta 2: Comhlíontacht Ábhar 14

3.1.3 Sprioc Náisiúnta 3: Athúsáid 15

3.1.4 Sprioc Náisiúnta 4: Ullmhúchán le haghaidh Athúsáide agus Deisiúcháin/Athmhonarú 17

3.2 Spriocanna Eorpacha 18

3.2.1 Athchúrsáil 18

3.2.2 Bia 19

3.2.3 Pacáistiú 19

3.2.4 Líonadh Talún 20

3.2.5 Plaistigh Aon Úsáide (SUP) 21

3.2.6 Dramhaíl Tógála 21

3.2.7 Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) 22

3.2.8 Cadhnraí 23

3.2.9 Feithiclí Ré Caite 23

## Cuid B: Croí-Bheartais


| | | |
|---|---|---|
| **4** | **CROÍ-BHEARTAIS** | **25** |


## CUID C: Réimsí Fócais


| | | |
|---|---|---|
| **5** | **RÉIMSÍ FÓCAIS OIBRÍOCHTÚLA** | **34** |
| **6** | **RÉIMSÍ FÓCAIS SRUTHANNA ÁBHAIR** | **39** |
| **7** | **RÉIMSÍ FÓCAIS BONNEAGAIR** | **46** |

**ACHOIMRE AR BHEARTA MAOLAITHE SEA AGUS AA** **53**


Tabhair faoi deara go bhfuil Gluais agus liosta iomlán Giorrúchán do théarmaí a úsáidtear sa Phlean seo in Aguisín 1 d'Imleabhar IV Doiciméadú Tacaíochta.

# BROLLACH

## AN PLEAN SEO

Tugtar gealltanas sa Phlean seo don aistriú i dtreo geilleagar ciorclach trí ghabháil mhéadaithe a dhéanamh ar ábhair ardchaighdeáin, lena n-uasmhéadaítear acmhainneacht chiorclach agus trí úsáid a bhaint as ábhair thánaisteacha ó ghníomhaíochtaí athúsáide deisiúcháin agus athchúrsála.

Is é seo **Imleabhar II Freagairtí Beartais agus Gníomhartha den Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola** le haghaidh Geilleagar Ciorclach a fhreagraíonn do na dúshláin a sainaithníodh sa mheastóireacht ar phleananna atá ann cheana agus a sonraíodh in Imleabhar I An Staid Reatha agus Dúshláin, na spriocanna sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) agus an creat beartais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (WAPCE). Tá an t-imleabhar bunaithe ar phróiseas fairsing comhoibritheach agus comhairleach le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara, rud a threoraigh forbairt spriocanna, beartas agus gníomhartha sa Phlean seo.

Leagtar amach san imleabhar seo uaillmhian an Phlean seo, a gheallann 0% d'fhás dramhaíola agus a bhunaíonn spriocanna a bhaineann le tomhaltas chun dramhaíl sholadach bhardasach iarmharach a laghdú agus dramhaíl tógála agus scartála le spriocanna tacaíochta maidir le héilliú, athúsáid, agus deisiú/athmhonarú.

Féachann an t-imleabhar seo le dul i ngleic leis na príomhdhúshláin, rioscaí agus deiseanna a sainaithníodh agus leagtar amach ann freagairtí beartais agus gníomhartha atá le cur i bhfeidhm trí **Imleabhar III An Treochlár Seachadta**. Cuireann na freagairtí beartais agus na gníomhartha a sainaithníodh leis an bhfís, an straitéis agus an dul chun cinn roimhe seo a rinneadh faoi Phleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola 2015-2021 (RWMP) agus soláthraíonn creat solúbtha beartais chun:

- Tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn agus an dramhaíl a chosc;
- Acmhainneacht náisiúnta bailithe agus cóireála dramhaíola a neartú;
- Tacú le táirgeoirí, fiontair agus saoráidí, rud a chumasaíonn aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach; agus
- Bearta a chur i gcrích trí chomhoibriú agus trí chomhúinéireacht.

Coinneoidh an creat beartais sa Phlean seo na struchtúir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bunaíodh chun na RWMPanna roimhe seo a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sé leis na struchtúir sin.

Tá an t-imleabhar seo leagtha amach ina thrí chuid mar seo a leanas:

# CUID A
## PRÍOMH-SHEASAIMH
COMHOIBRIÚ
AN CHIORCLAÍOCHT
UAILLMHIAN
SPRIOCANNA

Leagtar amach i g**Cuid A – Príomh-Sheasaimh** na príomh-dhearcthaí atá mar bhonn leis an bPlean mar seo a leanas:

**Comhoibriú:** Bhí comhoibriú lárnach d'fhorbairt an Phlean agus do bheartais agus do ghníomhartha spriocanna a chinneadh. Beidh comhoibriú leanúnach ina ghné de chur i bhfeidhm an Phlean agus leagtar amach in **Imleabhar III** an chaoi a mbainfear é sin amach.

**An Chiorclaíocht:** Tugtar gealltanas sa Phlean seo don aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus cuirfidh sé go gníomhach leis an aidhm seo trí uaillmhian, spriocanna, beartais agus gníomhartha an Phlean a chur i bhfeidhm.

**Uaillmhian:** Is é uaillmhian an Phlean seo ná 0% d'fhás dramhaíola (iomlán) i rith shaolré an Phlean atá le baint amach trí mheascán d'idirghabhálacha ag príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara.

**Spriocanna an Phlean:** Léiríonn an Plean seo spriocanna a bhaineann le tomhaltas maidir le 'Dramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach' agus 'Dramhaíl Tógála agus Scartála' a laghdú mar atá sainordaithe ag an WAPCE agus leagtar amach spriocanna tacaíochta maidir le héilliú, athúsáid agus deisiú/athmhonarú dramhaíola.

**Spriocanna an AE:** Gealltar sa Phlean seo go leanfar de spriocanna Dramhaíola an AE atá ann cheana agus atá ar feitheamh a chomhlíonadh.

# CUID B
## CROÍ-BHEARTAIS

Leagtar amach i g**Cuid B – Croí-Bheartais** 13 Chroí-bheartas chun oibriú agus forbairt na ngeilleagar dramhaíola agus ciorclach níos leithne a threorú. Forbraíodh na Croí-bheartais sin ó na cuspóirí a léiríodh in RWMP 2015-2021 agus cuireadh leo chun freagairt do dhúshlán an athraithe aeráide agus don aistriú i dtreo geilleagar ciorclach.

# CUID C
## RÉIMSÍ FÓCAIS

Leagtar amach i g**Cuid C – Réimsí Fócais** na 16 Réimse Fócais a sainaithníodh chun beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a shannadh chun tacú le huaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Is féidir na réimsí fócais a roghnaíodh a chatagóiriú mar réimsí oibríochtúla, mar réimsí a bhaineann le sruth ábhair agus mar réimsí bonneagair.

Tá réimse beartas spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta i ngach réimse fócais agus sanntar an phríomhfhreagracht do gach gníomh tosaíochta a shainaithnítear chun leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach agus comhúinéireachta i leith an Phlean.

Déantar cur síos in **Imleabhar III An Treochlár Seachadta** ar na socruithe maidir leis an uaillmhian, na spriocanna, na beartais agus na gníomhartha a sheachadadh trí fhreagairtí eagraíochtúla agus rannpháirtíochta agus trí na hacmhainní a theastaíonn chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach a shainaithint.

**Cuirfear san áireamh le linn fhorfheidhmiú uaillmhian, spriocanna, bheartais agus ghníomhartha an Phlean seo na bearta maolaithe a moladh sa Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil agus sa Ráiteas Tionchair Natura, a dtugtar achoimre ina leith ag deireadh an imleabhair seo.**



# CUID A: **PRÍOMH-SHEASAIMH**

# 1 AN CHIORCLAÍOCHT

Soláthraíonn an Plean seo creat pleanála bainistithe dramhaíola don earnáil dramhaíola chun seirbhísí atá ann cheana a chothabháil agus a neartú agus aithníonn sé príomh-idirghabhálacha chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.

Le geilleagar ciorclach rathúil, feabhsófar iompraíochtaí tomhaltais agus laghdófar an táirgeadh dramhaíola agus seachadfar buntáistí comhshaoil níos leithne le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus laghdú ar an gcaillteanas bithéagsúlachta.

Táirgeann an geilleagar ciorclach múnla níos fearr de tháirgeadh agus tomhaltas i gcomparáid leis an gcur chuige líneach ('tóg-déan-diúscair') atá dian ó thaobh acmhainní agus carbóin de. Le múnla an gheilleagair chiorclaigh, caitear leis an dramhaíl ar bhonn bunúsach mar acmhainn ar féidir í a athshruthú isteach i gcórais atá dírithe ar ábhair agus táirgí a chothabháil, a dheisiú, a athúsáid, a athchóiriú agus a athchúrsáil. Tá a bheith éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus níos mó luacha a fháil ó níos lú acmhainní ag croílár an mhúnla seo.

**AN CHIORCLAÍOCHT**
Ábhair a choinneáil in úsáid níos faide

Is córas athghiniúnach ó nádúr é an geilleagar ciorclach, a íoslaghdaíonn nó a sheachnaíonn astaíochtaí agus tionchair dhiúltacha eile ar an gcomhshaol a bhaineann le córais líneacha táirgthe agus tomhaltais. Ní mór don Stát aistriú chuig múnla táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe trí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáideann an daonra acmhainní agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh chun saolré na n-ábhar agus na n-acmhainní a leathnú.

Tá táirgeadh dramhaíola a sheachaint trí chórais chiorclacha mar bhonn do ghníomhartha agus spriocanna earnáil an gheilleagair chiorclaigh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá idircheangal nádúrtha ann idir an aeráid agus an geilleagar ciorclach, agus tá na torthaí soiléir go bhfuil coigilteas suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa ann trí éifeachtúlacht úsáid ábhair a uasmhéadú.




Bíodh is gur tugadh aghaidh sa RWMP roimhe seo ar an ngá le haistriú chuig geilleagar ciorclach, tá neartú suntasach tagtha ar bhonn beartais agus reachtaíochta an Aontais agus ar an mbonn beartais agus reachtaíochta náisiúnta ó 2015 i leith. Sainordaíonn beartas, reachtaíocht agus spriocanna gaolmhara an gheilleagair chiorclaigh an gá atá le hÉirinn aistriú go geilleagar ciorclach i rith shaolré an Phlean seo.

Léiríonn uaillmhian an Phlean an phráinn atá le spriocanna, beartais agus gníomhartha an Phlean seo chun cur le seachadadh an aistrithe seo agus bainistiú dramhaíola in Éirinn a thabhairt níos airde ar ord na réiteach dramhaíola agus an spleáchas ar aisghabháil agus ar dhiúscairt araon a laghdú.

Leis an Acht um Gheilleagar Ciorclach, 2022, tagann ceanglas maidir le spriocanna agus táscairí úra a bhunú chun ráta ciorclaíochta an Stáit a thomhas nó cumas an Stáit ábhair a choinneáil in úsáid agus baint leantach na n-amhábhar príomha a sheachaint.

## DÍOTHÚ NA DRAMHAÍOLA AGUS ATHÚSÁID ACMHAINNÍ A UASMHÉADÚ

Aithnítear an chiorclaíocht sa phlean seo ina croí-spreagthach agus an ráta ciorclaíochta mar tháscaire dul chun cinn sa réimse seo.

Ceanglaítear le hAlt 7(6) den Acht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 go leagfar amach i Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh (CES) spriocanna ciorclaíochta do roinnt earnálacha agus meastar, nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an CES, go gcuirfidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sraith spriocanna ciorclaíochta i bhfeidhm.

Cuirfidh an Plean seo go gníomhach le ciorclaíocht a mhéadú agus na spriocanna seo a bhaint amach trí thomhaltas laghdaithe mar aon le hathchúrsáil mhéadaithe trí:

- An ráta athchúrsála náisiúnta a mhéadú agus sonraí a ghabháil maidir le sásraí ciorclacha eile amhail athúsáid, deisiú agus ullmhúchán le haghaidh athúsáide chun an ráta athchúrsála a mhéadú;
- Cáilíocht agus méid na n-ábhar tánaisteach sa mhargadh a uasmhéadú chun ionadú na n-ábhar príomha a chumasú; agus
- Tomhaltas ábhar a laghdú ar fud gach earnála den Stát, lena n-áirítear na hearnálacha teaghlaigh, tráchtála, tionsclaíocha agus tógála.

Meastar gurb é an deis is mó le haghaidh tomhaltas laghdaithe sa Phlean seo ná tathagú príomha a úsáid le haghaidh tógála, ar féidir tathagú tánaisteacha a chur ina n-ionad trí chinntí Rialachán 27 agus 28 a chur i bhfeidhm agus trí dhea-chleachtas a chur chun feidhme. Tá athrú iompraíochta níos leithne trí chinnteoireacht fheabhsaithe tomhaltóirí ina ghné lárnach den Phlean seo freisin chun tomhaltas a laghdú.

## PRÍOMH-SHEASAMH DEN PHLEAN SEO IS EA AN CHIORCLAÍOCHT AGUS TÁ SÍ MAR BHONN AG UAILLMHIAN, SPRIOCANNA, BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA AN PHLEAN.

Ní thabharfar na leibhéil riachtanacha d'athrú iompraíochta, an méadú riachtanach ar athchúrsáil agus fás na n-ábhar tánaisteach i gcrích ach amháin trí fhreagairt chomhoibríoch agus chomhordaithe ón earnáil dramhaíola.

Féachann an Plean seo le feabhas a chur ar na socruithe eagraíochtúla atá ann cheana idir na príomh-chomhpháirtithe (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an earnáil rialtais áitiúil) chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara (an earnáil phríobháideach, scéimeanna comhlíontachta, an earnáil athúsáide/deisiúcháin) chun an leibhéal freagartha a theastaíonn chun athrú fiúntach a bhaint amach in ionchur na hearnála dramhaíola leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú.

Tá tuilleadh sonraí faoin múnla comhoibrithe feabhsaithe seo ar fáil in **Imleabhar III.**

# 2 UAILLMHIAN

**0%**

**FÁS DRAMHAÍOLA IOMLÁN**

Féachann an Plean seo le táirgeadh dramhaíola a chosc agus ag an am céanna an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú. Trí fhás na dtionscnamh agus an bhonneagair athúsáide, deisiúcháin, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus athchúrsála, spreagfar an t-aistriú sin trí mhargadh na n-ábhar tánaisteach a chumasú, rud a laghdóidh an gá atá le hábhair phríomha agus a chuirfidh cosc ar tháirgeadh dramhaíola.

Is é uaillmhian an Phlean seo tógáil ar dhul chun cinn an RWMP agus an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a bhrú chun cinn agus cumas náisiúnta a neartú. Aithnítear san uaillmhian sin na dúshláin atá ann cheana maidir le tomhaltas, rátaí athchúrsála, onnmhairí agus gníomhú ar son na haeráide agus féachann sí le bonn a bhunú don aistriú trí dhul i ngleic le tomhaltas, trí ghabháil dramhaíola a fheabhsú agus trí chomhlíonadh a fheabhsú.
I rith thréimhse an RWMP roimhe seo, rinneadh dul chun cinn ar bhainistiú dramhaíola ar bhealach sábháilte agus níos inbhuanaithe mar a leagtar amach i straitéis an RWMP. Bíodh is gur dúshlán ar fad é dramhaíl a chosc, d'éirigh leis an earnáil sruthanna agus cumais dramhaíola a rialáil, formhór spriocanna reatha an AE a chomhlíonadh agus spleáchas laghdaithe ar láithreáin líonta talún a bhaint amach.

Tá dul chun cinn déanta maidir le feasacht a ardú chun feabhsú iompair a spreagadh trí ardáin ar nós mywaste.ie mar atá doiciméadaithe sa tuarascáil mheastóireachta (tagairt **d'Aguisín 3 d'Imleabhar IV**). Mar sin féin, níor aistríodh é sin go torthaí intomhaiste maidir le cosc ar dhramhaíl agus leithscaradh níos fearr. Tá gá le feabhas breise a chur ar an dul chun cinn ó thaobh iompraíochta a baineadh amach i rith shaolré RWMP 2015-2021 chun iompar feabhsaithe a aistriú go cleachtas níos ciorclaí.

Leagtar amach in **Imleabhar I** na príomh-spreagthaí daonra agus eacnamaíocha a chuaigh i bhfeidhm ar rátaí táirgthe dramhaíola go stairiúil. Tugann tuartha cainníochtúla (do Dhramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach agus Dramhaíl Tógála agus Scartála) agus anailís cháilíochtúil do shruthanna dramhaíola eile in **Imleabhar I** le fios go mbeidh tionchar ag na spreagthaí sin ar tháirgeadh dramhaíola i gcónaí. Táthar ag tuar go dtiocfaidh fás bliantúil ar tháirgeadh iomlán dramhaíola i rith shaolré an Phlean seo gan idirghabhálacha suntasacha chun an fás seo a mhaolú.

**Cuirfidh cur i bhfeidhm rathúil na n-idirghabhálacha atá liostaithe sa Phlean seo bac ar an bhfás réamh-mheasta ar dhramhaíl de réir spriocanna an gheilleagair chiorclaigh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is é uaillmhian an Phlean seo 0% d'fhás dramhaíola iomlán a bhaint amach gach bliain i rith shaolré an Phlean go príomha mar thoradh ar na hidirghabhálacha beartaithe seo agus freisin trí thionchar a imirt ar thomhaltas, trí ghabháil ábhar a fheabhsú agus trí chomhlíonadh a chumasú.**

# 0% FÁS DRAMHAÍOLA IOMLÁN

- **Bainistiú dramhaíola agus dul chun cinn iompraíochta a choinneáil**
- **An t-aistriú i dtreo Geilleagar Ciorclach a bhrostú**
- **Tionchar a imirt ar thomhaltas inbhuanaithe**
- **Feabhas a chur ar ghabháil gach dramhaíola ag barrfheabhsú ciorclaíochta**
- **Comhlíontacht beartais agus reachtaíochta a chumasú**

Bunlíne Reatha

**2.7 tonna**

Dramhaíl iomlán in aghaidh an duine in aghaidh na bliana

Déanfar monatóireacht ar an uaillmhian trí thuairisceáin bhliantúla NWCPO don dramhaíl iomlán a táirgeadh laistigh den Stát agus déanfar í a thuairisciú go bliantúil. Cuirfear na sonraí i láthair mar dhramhaíl iomlán a táirgeadh per capita ar tagarmharc caighdeánach de chuid an Aontais é lenar féidir na sonraí dramhaíola a innéacsú atá nasctha leis an daonra.

**Is é 2.7 tonna leibhéal reatha den dramhaíl iomlán a táirgeadh in aghaidh an duine in aghaidh na bliana bunaithe ar shonraí NWCPO. Is é sin an bhunlíne a úsáidfear chun an uaillmhian a rianú i rith shaolré an Phlean.**

I gcomhthéacs fás bliantúil stairiúil, agus tuartha, ar an táirgeadh dramhaíola, léiríonn tiomantas do 0% d'fhás dramhaíola iomlán agus uaillmhian shuntasach agus is ionann é, dáiríre, agus laghdú 7-10% ar tháirgeadh dramhaíola tuartha i rith shaolré an Phlean.

Beidh comhoibriú idir na príomh-chomhpháirtithe riachtanach chun na hidirghabhálacha a theastaíonn a thabhairt i gcrích chun fás dramhaíola a mhaolú agus an uaillmhian sin a bhaint amach.

Tá forbairt an Phlean seo bunaithe ar chur chuige comhoibríoch maidir le dúshláin agus réitigh a shainaithint. Ghlac an cur chuige sin le trí théama, tomhaltas, gabháil agus comhlíontacht chun an próiseas seo a chur chun cinn agus tá na téamaí sin mar bhonn agus taca ag uaillmhian an Phlean seo.

## TOMHALTAS

### Acmhainní a Úsáid

Dá mhéad a úsáidimid, is ea is mó dramhaíola a tháirgtear agus is é an dúshlán atá ann aistriú ar shiúl ó phatrúin líneacha dramhaíola ionas go laghdófar dramhaíl agus go mbogfar go múnlaí tomhaltais níos inbhuanaithe le húsáid acmhainní níos inbhuanaithe. Tá leibhéal tomhaltais na hÉireann ar cheann de na leibhéil is airde san Eoraip. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo cur isteach ar phatrúin líneacha trí bhearta a thacaíonn le hathruithe buana ar iompraíochtaí tomhaltais reatha.

# GABHÁIL

## Ábhair a Bhailiú

Tá sé ríthábhachtach ábhair a ghabháil atá le hathúsáid, le deisiú, le hathchúrsáil, le hathshlánú nó le diúscairt ar bhealach inbhuanaithe chun an comhshaol a chaomhnú. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo feidhmíocht reatha na gcóras bailithe a fheabhsú, lena n-áirítear athmhachnamh a dhéanamh ar an líonra bonneagair bailithe agus scéimeanna comhlíonta atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn an Plean le bonneagar dúchasach nua, le hathléimneacht níos fearr a thógáil san acmhainneacht náisiúnta agus margaí agus saoráidí a oiriúnú chun tacú le spriocanna aeráide agus carbóin.

# COMHLÍONTACHT

## Na Rialacha

Má chloítear leis na rialacha agus leis an treoir maidir le bainistiú dramhaíola, bainfear amach spriocanna an AE, spriocanna Náisiúnta agus spriocanna an Phlean. Tá gníomhartha forfheidhmithe lárnach maidir le comhlíonadh a bhaint amach agus is iad pionóis, fíneálacha agus ionchúisimh na pionóis deiridh. Díreoidh an Plean seo ar chomhlíonadh a chumasú d'aon chineál ó rannpháirteachas i seirbhísí údaraithe go freagracht phearsanta as roghanna ciorclacha agus dramhaíl a tháirgtear a chur chun cinn.

**Is Príomh-Sheasamh den Phlean seo é Uaillmhian an Phlean agus beidh sé ina phríomhtháscaire maidir le dul chun cinn ar bheartais agus ar ghníomhartha.**



# 3 SPRIOCANNA

## 3.1 SPRIOCANNA NÁISIÚNTA

Éilíonn an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach[1] (WAPCE) go n-áireofaí spriocanna sa Phlean seo maidir le le hathúsáid, deisiúchán, tomhaltas acmhainní agus laghdú ar thruailliú. Breithníodh forbairt na spriocanna sin mar chuid den phróiseas comhoibritheach agus léiríonn na spriocanna a glacadh an machnamh mionsonraithe a rinneadh ar thionchar féideartha na spriocanna agus an méid a chuireann na spriocanna le huaillmhian an Phlean a bhaint amach.

Ina theannta sin, leasaítear Alt 24 den Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 le hAlt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola lena rá nach mór go n-áireofaí sa Phlean seo spriocanna maidir le 'táirgí agus ábhair a athúsáid, a athmhonarú nó a dheisiú, nó aon mheascán díobh sin a úsáid'. Rinneadh machnamh ar sprioc do tháirgí agus d'ábhair 'athmhonaraithe' agus cuirfear chun cinn í i gcomhar leis an treochlár beartaithe chun sprioc deisiúcháin a fhorbairt.

Leagtar amach sna rannáin seo a leanas na spriocanna a glacadh i ngach ceann de na réimsí sainordaithe.

### 3.1.1 Sprioc Náisiúnta 1: Tomhaltas Acmhainní

**Sprioc Náisiúnta 1A – Dramhaíl Bhardasach Iarmharach**

Ar cheann de phríomhghnéithe bheartas an gheilleagair chiorclaigh (agus a léirítear in uaillmhian an Phlean seo) tá patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a chur chun cinn agus fás eacnamaíoch a dhícheangal ó tháirgeadh dramhaíola. Ceanglaítear le hAirteagal 9(3) den Chreat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE[2], WFD) ar na Ballstáit 'faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart coiscthe dramhaíola' agus chun na críche sin 'úsáidfidh siad táscairí agus spriocanna cáilíochtúla nó cainníochtúla iomchuí, go háirithe maidir le cainníocht na dramhaíola a tháirgtear'. Mar sin féin, níl aon spriocanna coiscthe ná tomhaltais bunaithe faoi láthair laistigh de reachtaíocht nó beartas an AE nó náisiúnta.

**6%**

**LAGHDÚ AR DHRAMHAÍL SHOLADACH BHARDASACH IARMHARACH IN AGHAIDH AN DUINE IN AGHAIDH NA BLIANA FAOI 2030**

**Bunlíne 0.37 tonna de Dhramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach in aghaidh an duine** (2021)

[1] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/9abf3-plean-gniomhaiochta-dramhaiola-le-haghaidh-geilleager-ciorclach-2020-2025/?

[2] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32008L0098

Tá líne dhíreach ann idir tomhaltas agus táirgeadh dramhaíola agus áiríodh in RWMPanna 2015-2021 sprioc a bhaineann le tomhaltas chun laghdú 1% in aghaidh na bliana a bhaint amach ar mhéid na dramhaíola teaghlaigh a tháirgtear per capita i rith thréimhse na bpleananna (2015 go 2021) ach níor éirigh le comhlíonadh na sprice sin. Tháinig méadú 4% ar tháirgeadh dramhaíola teaghlaigh ó 2015 go 2019.

Tá impleachtaí ag díriú ar laghdú ar iomlán na dramhaíola teaghlaigh a tháirgtear don leithscaradh feabhsaithe agus don athchúrsáil mhéadaithe is gá chun spriocanna AE a bhaint amach. Dá bhrí sin, meastar gur léiriú níos fearr ar threochtaí agus ar chleachtais tomhaltais inbhuanaithe é a bheith ag díriú ar tháirgeadh dramhaíola iarmharaí.

Úsáideann dlínsí eile laistigh den Aontas méadrach bunaithe ar tháirgeadh DBS iarmharach (Dramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach) chun tomhaltas a rianú. Cuirtear san áireamh sa mhéadrach sin an dul chun cinn maidir le rátaí athchúrsála a thabhairt i gcrích agus meastar go dtugann sé léiriú níos fearr ar phatrúin inbhuanaithe tomhaltais. Glacfar leis an gcur chuige malartach sin mar cheann de na spriocanna a bhaineann le tomhaltas príomha sa Phlean seo.

Leathnóidh an Plean seo an sprioc ó dhramhaíl teaghlaigh de réir RWMP 2015-2021, go laghdú comhiomlán 6% ar an dramhaíl bhardasach iarmharach ar fad faoi 2030 (lena n-áirítear dramhaíl tráchtála agus teaghlaigh) agus léirítear sraith de bheartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta chun tacú leis an sprioc sna Réimsí Fócais 'Tráchtáil Bhardasach' (FA1) agus 'Teaghlach Bardasach' (FA2) i g**Caibidil 5**.

Is é an leibhéal reatha de dhramhaíl sholadach bhardasach iarmharach iomlán a tháirgtear in aghaidh an duine in aghaidh na bliana ná 0.37 tonna agus is é sin an bhunlíne a úsáidfear chun dul chun cinn na sprice seo a rianú i rith shaolré an Phlean.

**Sprioc Náisiúnta 1B – Ábhair Tógála**
CoB'ionann dramhaíl tógála agus 60%, 9 milliún tonna, den dramhaíl go léir a táirgeadh laistigh den Stát in 2021. Is féidir tomhaltas amhábhar na hearnála tógála a laghdú trí úsáid a bhaint as ábhair thánaisteacha agus tacaíonn an Plean seo le hábhair thánaisteacha a sholáthar trí raon idirghabhálacha. Cuimsíonn an Plean seo sprioc a bhaineann le tomhaltas le haghaidh dramhaíl agus ábhair tógála agus leagann Réimse Fócais 8 'Tógáil agus Scartáil' amach i g**Caibidil 6** an bonn beartais spriocdhírithe chun mórathrú a chumasú san earnáil chun cosc ar dhramhaíl a éascú agus chun tacú le hábhair thánaisteacha chiorclacha.

Mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hidirghabhálacha atá beartaithe ar dhramhaíl tógála a chosc, cuirtear sprioc níos airde agus bliantúil i bhfeidhm ná mar a chuirtear le haghaidh dramhaíl bhardasach agus moltar laghdú 2% in aghaidh na bliana le haghaidh dramhaíl iomlán tógála agus scartála chun laghdú carnach 12% a bhaint amach faoi 2030.

Bainfear an sprioc sin amach trí chinntí náisiúnta maidir le Rialachán 27 (Fotháirge) agus Rialachán 28 (Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad) agus trí chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an dea-chleachtais ar láithreáin tógála.

Is é 9 milliún tonna an leibhéal reatha de dhramhaíl tógála agus scartála iomlán a tháirgtear, agus is é sin an bhunlíne a úsáidfear chun dul chun cinn na sprice seo a rianú i rith shaolré an Phlean.

**12%**

**LAGHDÚ AR DHRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA IN AGHAIDH NA BLIANA FAOI 2030**

Bunlíne **9 Milliún tonna** (2021)

### 3.1.2 Sprioc Náisiúnta 2: Comhlíontacht Ábhar

Tarlaíonn éilliú ábhar dramhaíola sa chás go gcuirtear an t-ábhar mícheart san araid mhícheart. Laghdaíonn éilliú an méid ábhair atá ar fáil le hathchúrsáil a dhéanamh orthu agus méadaíonn sé an méid ábhair a chaithfear a athshlánú trí chóireáil theirmeach nó a dhiúscairt ag láithreán líonta talún. Cailltear ábhair luachmhara agus a n-acmhainneacht acmhainne agus chiorclach de dheasca éilliú.

Mar aon leis an tomhaltas, níl aon teorainneacha ná spriocanna AE ná náisiúnta leagtha síos chun éilliú a laghdú nó feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhlíontacht ábhar sna haraidí athchúrsála iarmharacha, in-athchúrsáilte nó dramhbhia. Tá sé riachtanach an méid a uasmhéadú agus cáilíocht na n-ábhar a chuirtear san araid athchúrsála agus araid athchúrsála dramhbhia a choinneáil chun bunábhar glan iontaofa a chinntiú do roghanna cóireála ciorclacha amhail athchúrsáil, agus léirítear é seo in uaillmhian an Phlean seo 'feabhas a chur ar ghabháil na dramhaíola ar fad ag barrfheabhsú ciorclaíochta'.

Sa Phlean seo, tomhaistear éilliú mar 'chomhlíontacht ábhar' arb é atá ann an codán d'ábhar cuí a chuirtear i ngach ceann de na haraidí athchúrsála iarmharacha, in-athchúrsáilte nó dramhbhia.

Léirigh suirbhé ar shaintréithiú dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2022[3], leibhéil shuntasacha éillithe agus droch-chomhlíontacht ábhar san athchúrsáil tráchtála agus teaghlaigh agus sna haraidí dramhaíola iarmharacha araon chomh maith le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ciorclach curtha sna haraidí iarmharacha sin. Tá gá le feasacht a fheabhsú sna hearnálacha tráchtála agus teaghlach chun comhlíontach ábhar a mhéadú sna haraidí sin agus sanntar sraith beartais spriocdhírithe chun athrú iompraíochta riachtanach a chur chun cinn ansin i Réimse Fócais 1 'Tráchtáil Bhardasach' agus Réimse Fócais 2 'Teaghlach Bardasach' i g**Caibidil 5**.

**Sprioc Náisiúnta 2A – Comhlíontacht Ábhar don Araid Athchúrsála Tirime**

Gealltar sprioc comhlíontachta ábhair sa Phlean seo de 90% san araid athchúrsála tirime mar íoschaighdeán chun leithscaradh a mhéadú agus éilliú ábhar eile a laghdú.

**90%**

**DE CHOMHLÍONTACHT ÁBHAR SAN ARAID ATHCHÚRSÁLA TIRIME**

**Bunlíne Le dearbhú** (2024)

Rianófar an sprioc sin trí anailís mhaischothromaíochta ar ionchuir agus aschuir ag Saoráidí Athghabhála Ábhar chun a dheimhniú go bhfuil íosmhéid 90% de na hábhair a bhailítear sna haraidí seo oiriúnach lena n-athchúrsáil.

Níl an bhunlíne mhaischothromaíochta reatha don sprioc seo tomhaiste go fóill agus beidh sé mar thosaíocht ag an gcéad phlean oibre bliantúil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don earnáil rialtais áitiúil comhoibriú chun bunlíne láidir a bhunú chun comhlíonadh na sprice seo a rianú.

Athraíonn an céatadán don ráta comhlíontachta ábhar go forleathan ag brath ar thuairisciú na saoráide, ar an teicneolaíocht cóireála a úsáidtear ag an tsaoráid, agus ar chaighdeán an ábhair atá ag teacht isteach. Tá sé beartaithe bunlíne a chinneadh do leibhéil chomhlíontachta ábhar i gcomhar le hoibreoirí in 2024.

**Sprioc Náisiúnta 2B – Comhlíontacht Ábhar don Araid Iarmharach**

Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2022 go bhfuil na cleachtais leithscartha san Araid Iarmharach tráchtála agus teaghlaigh go dona agus nár cuireadh ach 36% (teaghlaigh) agus 26% (tráchtála) de na hábhair a aimsíodh san araid iarmharach go cuí. Teastaíonn athrú suntasach iompraíochta chun cleachtais leithscartha reatha a mhodhnú mar a léirítear iad do Réimse Fócais 1 'Tráchtáil Bhardasach' agus Réimse Fócais 2 'Teaghlach Bardasach' i g**Caibidil 5**.

[3] Nasc://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/waste-characterisation/

**10%**

**DE MHÉADÚ SA BHLIAIN AR CHOMHLÍONTACHT ÁBHAR SAN ARAID IARMHARACH.** (90% FAOI DHEIREADH 2030)

**Bunlíne Teaghlaigh / Tráchtála 36/26%** (2022)

Chun dul chun cinn san athrú iompraíochta seo a rianú, tá gá le sprioc uaillmhianach chun leithscaradh a spreagadh agus chun a chinntiú nach gcuirfear ábhair a bhfuil acmhainneacht chiorclach acu san araid iarmharach a thuilleadh.

Cuirtear sprioc de mhéadú 10% in aghaidh na bliana ar chomhlíontacht ábhar san araid iarmharach i bhfeidhm sa Phlean seo. Is ionann é sin agus ráta comhlíontachta ábhar féideartha de 90% faoi dheireadh 2030. Is sprioc uaillmhianach é sin a bhaineann le bunlíne 2022 de 36% in araidí iarmharacha teaghlaigh agus 26% in araidí iarmharacha tráchtála.

### 3.1.3 Sprioc Náisiúnta 3: Athúsáid

**Sprioc Náisiúnta 3A – Athúsáid**

Ciallaíonn athúsáid aon oibríocht trína n-úsáidtear táirgí nó comhpháirteanna nach dramhaíl iad arís chun na críche céanna ar ceapadh iad ina leith.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(4) den WFD ar na Ballstáit faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme beart athúsáide trí athúsáid a thomhas trí mhodheolaíocht choiteann bíodh is nach luaitear sprioc shonrach le haghaidh athúsáide. Léiríonn Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/19[4] an mhodheolaíocht choiteann seo chomh maith le formáid chun gníomhartha athúsáide a thuairisciú don Choimisiún. Liostaítear na catagóirí táirgí a shonraítear sa mhodheolaíocht mar chatagóirí atá oiriúnach chun athúsáid a thomhas mar seo a leanas:

- Teicstílí;
- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach;
- Troscán;
- Ábhar agus Táirgí Tógála; agus
- Táirgí eile ar glacadh bearta ina leith.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an chéad sraith staitisticí náisiúnta athúsáide d'Éirinn mar a cheanglaítear faoin gCreat-Treoir Dramhaíola athbhreithnithe agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/19 ón gCoimisiún[5]. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gurbh ionann an meánráta athúsáide bliantúil in aghaidh an duine in Éirinn agus 10.6kg in aghaidh an duine in 2021.

Tá na sonraí seo ag teacht den chuid is mó leis na leibhéil idirnáisiúnta agus baineadh úsáid as na sonraí bunlíne seo chun sprioc uaillmhianach athúsáide per capita de 20kg/duine/bliain a leagan síos chun go mbainfear an Plean seo amach faoi 2030.

Cuimsíonn Réimse Fócais 12 'Bonneagar Athúsáide/ Deisiúcháin' i g**Caibidil 7** sraith beartas agus gníomhartha chun tacú le bonneagar agus tionscnaimh athúsáide agus deisiúcháin a fhorbairt laistigh den Stát.

Tá an bhunlíne reatha do 2021 bunaithe ar thacar sonraí náisiúnta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a fuarthas trí shuirbhé ar líne ar shampla ionadaíoch de dhaonra na hÉireann.

Sonraíodh go léiríonn sonraí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2021 tomhaltas athúsáide atá bunaithe ar an duine aonair agus nach n-áirítear iontu athúsáid tráchtála, athúsáid gnólacht le gnólacht ná athúsáid ar thionscadail tógála.

I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/19 ón gCoimisiún, tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi thuairisciú cainníochtúil bliantúil chun éifeachtacht

[4] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021D0019

[5] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/reuse/

tionscnamh athúsáide a rianú agus cuirfear leis trí thuairisciú cainníochtúil gach trí bliana (tar éis bhliain tagartha 2021) ar chainníocht (i dtonnaí) na hathúsáide i gcúig chatagóir shonracha táirgí:

- Teicstílí;
- Trealamh Leictreonach;
- Troscán;
- Ábhair Tógála; agus
- Táirgí eile a dtugtar bearta isteach ina leith.

Úsáidfear an tacar sonraí náisiúnta seo chun comhlíonadh Sprioc Náisiúnta 3A a rianú.

**20kg**

**IN AGHAIDH AN DUINE IN AGHAIDH NA BLIANA**

**Bunlíne 10.6kg in aghaidh an duine** (2021)



**Sprioc Náisiúnta 3B – Bonneagar Athúsáide**

Tá easpa bonneagair athúsáide ann go náisiúnta agus gealltar sa Phlean seo go bhfeabhsófar Ionaid Fóntas Poiblí (CAS)[6] chun gníomhartha athúsáide a éascú (féach Gníomhaíocht Tosaíochta PA12.2) i gcomhréir le torthaí an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí a foilsíodh in 2020[7].

Bunaíodh meitheal CCMA chun cur chun feidhme Athbhreithniú CAS a chur chun cinn agus breithneoidh an grúpa seo impleachtaí airgeadais agus oibríochtúla na sprice sin, lena n-áirítear méid an tsoláthair le sprioc íosta de 10 suíomh. Aithnítear gur gá do líonra CAS an tsamhail seirbhíse reatha a oiriúnú chun cabhrú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

**10**

**SAORÁID ATHÚSÁIDE AR A LAGHAD AG CAS**

### 3.1.4 Sprioc Náisiúnta 4: Ullmhúchán le haghaidh Athúsáide agus Deisiúcháin/ Athmhonarú

**Sprioc Náisiúnta 4A – Deisiú**

Murab ionann agus athúsáid, níl aon reachtaíocht ná tacar sonraí náisiúnta tacaíochta ar fáil chun cabhrú le spriocanna ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin a fhorbairt don Phlean seo. Bíodh is go bhféadfadh trasnáil a bheith i gceist le 'ullmhú le haghaidh athúsáide' agus deisiú, is gá an córas rialála soiléir a bhunú a bhfuil feidhm aige maidir le deisiú ag an tús maidir leis an sprioc seo a fhorbairt.

In éagmais aon bhunlíne náisiúnta láidir le haghaidh gníomhartha deisiúcháin, moltar sa Phlean seo cur chuige chun bunlíne a bhunú le bonn a chur faoi spriocanna a shocrú amach anseo le haghaidh deisiúcháin (agus d'fhéadfadh athmhonarú a bheith i gceist freisin) agus moltar an treochlár seo a leanas a shainaithint, a fhorbairt, agus sprioc deisiúcháin a bhunú:

**TREOCHLÁR DON SPRIOC DEISIÚCHÁIN**

- Grúpa oibre comhoibritheach a bhunú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun forbairt na hearnála deisiúcháin a spreagadh agus a éascú chun an creat a leagan síos le haghaidh comhlíonadh spriocanna;
- Catagóirí táirgí a shainaithint agus a chomhaontú, agus creat a bhunú chun cainníochtú tonnáiste a chumasú do gach catagóir chun bunlíne náisiúnta a bhunú le haghaidh ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus gníomhartha deisiúcháin;
- Bunachar sonraí a bhunú de chleachtóirí deisiúcháin in Éirinn atá ag gabháil do dheisiú gníomhach de na catagóirí táirgí ábhartha;
- Bunlíne scála náisiúnta deisiúcháin a thiomsú do na catagóirí táirgí roghnaithe do bhliain bhunlíne ar leith;
- Sprioc deisiúcháin atá uaillmhianach go leor a bhunú – is dócha go mbeidh an sprioc seo i bhformáid chomhchosúil leis an sprioc le haghaidh athúsáide ionas gur féidir an dá sprioc a chur i gcomparáid lena chéile;
- Uirlisí monatóireachta agus rianaithe a fhorbairt chun an measúnú ar thionchar na ngníomhartha deisiúcháin a éascú; agus
- Tabhairt faoi sprioc-athbhreithnithe atriallacha chun uaillmhian agus gníomhartha deisiúcháin a chur chun cinn.

*(Tá sé beartaithe treochlár don sprioc athmhonaraíochta a mheas i gcomhthráth le deisiú.)*

[6] 96 CAS in Éirinn

[7] Nasc: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2021/02/National-Review-of-Civic-Amenity-Sites.pdf

**Sprioc Náisiúnta 4B – Bonneagar Deisiúcháin**

Mar is amhlaidh le hathúsáid, gealltar sprioc sa Plean freisin chun bonneagar/córais a sholáthar, sa chás seo córais bailiúcháin a sholáthar chun deisiú a éascú (féach Gníomhaíocht Tosaíochta PA12.3).

Ceapfar na córais bailithe seo in éineacht le cleachtóirí deisiúcháin aitheanta lena chinntiú go n-aithneofar táirgí oiriúnacha lena mbailiú. Cinnfidh an earnáil rialtais áitiúil cineál agus méid an chórais bailithe agus seachadfaidh an earnáil agus/nó na bailitheoirí dramhaíola príobháideacha é.

**3**

**SHEIRBHÍS BAILITHE**

**Is ionann Spriocanna Náisiúnta agus Príomh-Sheasaimh sa Phlean seo agus bainfear amach iad trí bheartais agus trí ghníomhartha a shainaithnítear a chur i bhfeidhm.**

Ceapadh na spriocanna náisiúnta a leagtar amach mar fhreagairt ar an WAPCE agus a d'eascair as an gcomhoibriú le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara i rith fhorbairt an Phlean seo. Tacaíonn spriocanna náisiúnta i ngach cás leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus tacaíonn siad le huaillmhian an Phlean seo.

## 3.2 SPRIOCANNA EORPACHA

### 3.2.1 Athchúrsáil

Leag an WFD síos sprioc ráta athchúrsála de 50% a bhí le baint amach faoi 2020 don ullmhúchán d'athúsáid agus d'athchúrsáil ar ábhar dramhaíola, lena n-áirítear páipéar, miotal, plaisteach agus gloine ó theaghlaigh, agus thiocfadh dó go mbeadh dramhaíl de bhunús eile i gceist dá mbeadh an dramhaíl cosúil le teaghlaigh.

Níl an sprioc sin bainte amach ag Éirinn le ráta athchúrsála 41% in 2020 agus is beag dul chun cinn atá léirithe ag an Stát maidir leis an ráta athchúrsála a mhéadú le deich mbliana anuas.

Leasaíodh an WFD in 2018 le Treoir (AE) 2018/851[8] lena n-áirítear spriocanna athchúrsála níos uaillmhianaí a bhaint amach faoi 2025, 2030 agus 2035. Leagann na spriocanna sin béim ar an ngá atá le hidirghabháil shuntasach agus éifeachtach an bhris a thabhairt isteach agus chun oibriú i dtreo spriocanna nua a bhaint amach.

Tá sprioc 50% leagtha síos ag an WFD freisin chun páipéar, miotal, plaisteach agus gloine a tháinig ó theaghlaigh a ullmhú dá n-athúsáid agus n-athchúrsáil agus in 2020, bhain Éire comhlíonadh amach le 54% de na sruthanna sin a ullmhaíodh lena n-athúsáid nó lena n-athchúrsáil.

Leagtar amach in **Imleabhar III** an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabhálacha beartais pleanáilte ar an ráta athchúrsála i rith shaolré an Phlean agus is léir gur dócha go mbainfidh an toradh is uaillmhianaí ráta 50% amach faoi 2030 ina léirítear an gá iomlán atá le hidirghabhálacha níos radacaí mar chuid den athbhreithniú ar an mbeartas náisiúnta in 2024.

**SPRIOCANNA ATHCHÚRSÁLA**

**2020 – 50%**
**2025 – 55%**
**2030 – 60%**
**2035 – 65%**

[8] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32018L0851

### 3.2.2 Bia

Bíodh is nach bhfuil sé liostaithe in aon ionstraim reachtach faoi láthair, tá Sprioc Inbhuanaithe 12.3 de chuid na Náisiún Aontaithe glactha ag an gCoimisiún chun dramhbhia dhomhanda per capita a laghdú faoina leath ag na leibhéil mhiondíola agus tomhaltóirí agus caillteanais bia a laghdú feadh slabhraí táirgthe agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iarghabhála agus pleananna chun spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt isteach chun dramhbhia a laghdú ar fud an AE.

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis an bhliain bhunlíne le haghaidh sonraí dramhbhia a thiomsú chun tuairisciú don Choimisiún (tháirg Éire thart ar 753,000 tonna dramhbhia in 2021) agus úsáidfear é sin mar thagarmharc chun sprioc dramhbhia a bhunú don Stát.

**DRAMHBHIA: LAGHDÚ**

**50%**



**FAOI 2030**

### 3.2.3 Pacáistiú

Le Treoir (AE) 2018/852[9] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 30 Bealtaine 2018, lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistiú agus dramhaíl ó phacáistíocht, leagtar síos sraith spriocanna athchúrsála do 2025 agus 2030 do gach sruth le chéile agus do shruthanna pacáistíochta aonair.

Mar a sonraíodh in **Imleabhar I**, tá an Stát ar an mbóthar ceart chun an chuid is mó de na spriocanna reatha a bhaint amach mar seo a leanas:

- Déanfar 55% ar a laghad de réir meáchain de dhramhaíl phacáistithe a athchúrsáil – bhain an Stát 62% amach in 2020;
- Sprioc íosta athchúrsála 60% de réir meáchain do ghloine – bhain an Stát 84% amach in 2020;
- Sprioc íosta athchúrsála 60% de réir meáchain do pháipéar agus do chairtchlár – bhain an Stát 78% amach in 2020;
- Sprioc íosta athchúrsála 50% de réir meáchain do mhiotail – bhain an Stát 71% amach in 2020;
- Sprioc athchúrsála íosta 22.5% de réir meáchain do phlaistigh, ag comhaireamh ábhar a athchúrsáiltear ar ais i bplaistigh go heisiach – bhain an Stát 29% amach in 2020; agus
- Sprioc íosta athchúrsála 15% de réir meáchain d'adhmad – bhain an Stát 48% amach in 2020;


Tugann na sonraí le fios, áfach, go bhfuil gá le bearta breise maidir le hathchúrsáil phlaisteach chun spriocanna 2025 (50%) agus 2030 (55%) a bhaint amach ón leibhéal reatha 29% in 2020.

## SPRIOCANNA PACÁISTITHE

**Faoin 31 Nollaig 2025**
**65% Athchúrsáilte (de réir meáchain)**
Lena n-áireofar:
50% de Phlaisteach
25% d'Adhmad
70% de Mhiotail Fheiriúla
50% d'Alúmanam
70% de Ghloine
75% de Pháipéar/Cáirtchlár

**Faoin 31 Nollaig 2030**
**70% Athchúrsáilte (de réir meáchain)**
Lena n-áireofar:
55% de Phlaisteach
30% d'Adhmad
80% de Mhiotail Fheiriúla
60% d'Alúmanam
75% de Ghloine
85% de Pháipéar/Cáirtchlár

[9] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1551965345008&uri=CELEX:32018L0852



### 3.2.4 Landfill

Le Treoir (AE) 2018/850[10] lena leasaítear Treoir 1999/31/CE maidir le líonadh talún le dramhaíl, leagtar síos sprioc chun teorainn a chur leis an méid dramhaíola a fhéadfar a chur i láithreán líonta talún in aon bhliain faoi 2035. Dearbhaíonn an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá leis an laghdú seo ar líonadh talún chun tionchair dhíobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus chun a chinntiú go ndéantar ábhair dramhaíola atá luachmhar ó thaobh an gheilleagair de a athshlánú de réir a chéile agus go héifeachtach trí bhainistiú dramhaíola cuí agus i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola.

Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gurbh ionann ráta líonta talún na hÉireann do dhramhaíl bhardasach agus 16% in 2021.



**LÍONADH TALÚN**

**<10%**

**DE DHRAMHAÍL SHOLADACH BHARDASACH FAOI 2035**

[10] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32018L0850

### 3.2.5 Plaistigh Aon Úsáide (SUP)

Leagtar síos sa Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide ((AE) 2019/904)[11] sraith spriocanna maidir le híosmhéid an ábhair athchúrsáilte do bhuidéil dí atá ábhartha don earnáil déantúsaíochta chomh maith le hoibríochtaí athchúrsála plaisteacha, ar forbraíodh cuid díobh laistigh den Stát.

Ina theannta sin, leagtar síos sa Treoir spriocanna íosta bailithe lena chinntiú go mbaileofar buidéil phlaisteacha dí ar leithligh le haghaidh athchúrsála nach mór a bhaint amach faoi 2025 agus 2029.

Cabhróidh córais bailithe nua ar nós na Scéime Éarlaise agus Aisíoca (le bheith ag feidhmiú in 2024) le haghaidh buidéil phlaisteacha leis an sprioc bhailiúcháin sin a bhaint amach.

Níl aon sonraí ar fheidhmíocht an Stáit ar an sruth seo ar fáil faoi láthair do na spriocanna nua seo.

**SPRIOCANNA PLAISTEACH AON ÚSÁIDE**

**ó 2025**

Caithfidh 25% ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte a bheith i mBuidéil PET

**ó 2030**

Caithfidh 30% de phlaisteach athchúrsáilte a bheith i mBuidéil Dí

**Faoi 2025**

77% bailiúchán ar leith de bhuidéil dí SUP de réir meáchain

**Faoi 2029**

90% bailiúchán ar leith de bhuidéil dí SUP de réir meáchain

### 3.2.6 Dramhaíl Tógála

Leag an WFD síos sprioc athchúrsála 70% de réir meáchain de dhramhaíl neamhghuaiseach Tógála agus Scartála (gan ithreacha nádúrtha & cloch a áireamh) le haghaidh dramhaíl tógála do 2020 atá bainte amach ag an Stát le blianta beaga anuas (thuairiscigh Éire 78% in 2020).

Níl aon athbhreithniú ar an sprioc léirithe ar feitheamh, ach tá an Coimisiún tar éis an plean a chur in iúl chun spriocanna aisghabhála ábhair a thabhairt isteach a shocrófar i reachtaíocht an AE maidir le dramhaíl iomlán tógála agus scartála agus maidir le codáin aonair a bhaineann go sonrach le hábhar.

Féadfar aon spriocanna nua a fhorchuirtear i rith shaolré an Phlean seo a ghlacadh, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu sna pleananna oibre bliantúla.



**DRAMHAÍL TÓGÁLA**

**70%**

**Á HATHCHÚRSÁIL FAOI 2020**

[11] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/904/oj?locale=ga

### 3.2.7 Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL)

Leagtar síos sa Treoir DTLL (2012/19/EC[12]) íos-sprioc bhailiúcháin de níos mó ná 65% nó cothrom leis don DTLL ar fad a chuirtear ar an margadh nó 85% den DTLL a tháirgtear sa Stát. Níl an sprioc seo bainte amach ag Éirinn le ráta bailithe tuairiscithe de 60% in 2020.

Leagtar amach sa Treoir freisin sraith spriocanna aonair maidir le hathúsáid, aisghabháil agus athchúrsáil sé chatagóir éagsúla DTLL mar seo a leanas:

- Catagóir 1. Trealamh malartaithe teochta – Bhain Éire ráta aisghabhála comhlíontach 96% agus ráta athúsáide agus athchúrsála 86% amach in 2020;
- Catagóir 2. Scáileáin, monatóirí agus trealamh ina bhfuil scáileáin a bhfuil dromchla níos mó ná 100 cm2 acu – Bhain Éire ráta comhlíontach aisghabhála 98% agus ráta athúsáide agus athchúrsála 85% amach in 2020;
- Catagóir 3. Lampaí – Bhain Éire ráta comhlíontach athúsáide agus athchúrsála 82% amach in 2020;
- Catagóir 4. Trealamh mór – Bhain Éire ráta comhlíontach aisghabhála 90% agus ráta athúsáide agus athchúrsála 86% amach in 2020;
- Catagóir 5. Trealamh beag – Bhain Éire ráta comhlíontach aisghabhála 89% agus ráta athúsáide agus athchúrsála 78% amach in 2020; agus
- Catagóir 6. Trealamh beag TF agus teileachumarsáide – Bhain Éire ráta comhlíontach aisghabhála 88% agus ráta athúsáide agus athchúrsála 86% amach in 2020.

## SPRIOCANNA DTLL

**ó 2019**
Íosráta bailithe 65% NÓ 85% de DTLL a táirgeadh sa Stát.


**Ó 2018**
Spriocanna íosta de réir catagóire:

**Cat. 1 nó 4 Aguisín III**
85% Aisghafa, 80% Ullmhaithe le hAthúsáid nó le hAthchúrsáil

**Cat. 2 Aguisín III**
80% Aisghafa, 70% Ullmhaithe le hAthúsáid nó le hAthchúrsáil

**Cat. 5 nó 6 Aguisín III**
70% Aisghafa, 55% Ullmhaithe le hAthúsáid nó le hAthchúrsáil

**Cat. 3 Aguisín III**
80% Athchúrsáilte




[12] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32012L0019

### 3.2.8 Cadhnraí

Rialaítear cadhnraí faoi láthair faoi Threoir 2006/66/CE[13] lena leagtar síos spriocanna íosta don bhailiúchán mar aon le spriocanna athchúrsála do gach ceann de na príomhfhoinsí cadhnraí. Bhí Éire i gcomhréir leis na spriocanna go léir in 2020 ag seachadadh ráta bailithe 51%, athchúrsáil ar 88% de chadhnraí luaidhe-aigéadacha, athchúrsáil ar 79% de chadhnraí caidmiam nicile agus 66% de chadhnraí eile i gcoibhneas leis na spriocanna gaolmhara.

Glacadh le Rialachán (AE) 2023/1542[14] i mí Iúil 2023 le spriocanna leathana maidir le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht cadhnraí agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2024 in ionad Threoir 2006/66/CE.

Leis an Rialachán seo tugtar isteach spriocanna nua bailithe le haghaidh cadhnraí iniompartha agus cadhnraí modha éadroim iompair (LMT) araon (i.e. le haghaidh feithiclí leictreacha nó hibrideacha) a thiocfaidh i bhfeidhm laistigh de shaolré an Phlean seo.

Ar an gcaoi chéanna, áirítear sa Rialachán spriocanna forásacha maidir le héifeachtúlacht athchúrsála cineálacha éagsúla cadhnraí do 2025 agus 2030.

Chomh maith leis na spriocanna a bhaineann go sonrach le cadhnraí, forchuirtear leis an Rialachán spriocanna freisin maidir le híosleibhéil aisghabhála de phríomh-amhábhar ar nós cóbailt, copair, luaidhe, litiam agus nicile do 2027 agus 2031.

## SPRIOCANNA CADHNRAÍ

**Spriocanna Bailithe le haghaidh Cadhnraí Iniompartha**
45% faoin 31 Nollaig 2023
63% faoin 31 Nollaig 2027
73% faoin 31 Nollaig 2030

**Spriocanna Bailithe le haghaidh Cadhnraí Modha Éadroim Iompair (LMT)**
51% faoin 31 Nollaig 2028
61% faoin 31 Nollaig 2031

**Éifeachtúlacht Athchúrsála faoin 31 Nollaig 2025**
75% de chadhnraí luaidhe-aigéadacha
65% de chadhnraí litiam
80% de chadhnraí caidmiam nicile
50% de chadhnraí dramhaíola eile

**Éifeachtúlacht Athchúrsála faoin 31 Nollaig 2030**
80% de chadhnraí luaidhe-aigéadacha
70% de chadhnraí litiam

## SPRIOCANNA FEITHICLÍ RÉ CAITE

**Íosmhéid 95% d'Athúsáid agus Aisghabháil**

**Íosmhéid 85% d'Athúsáid agus Athchúrsáil**

Is ionann Spriocanna Eorpacha agus Príomh-Sheasaimh sa Phlean seo agus bainfear amach iad trí bheartais agus trí ghníomhartha a shainaithnítear a chur i bhfeidhm.

### 3.2.9 Feithiclí Ré Caite

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (Feithiclí Ré Caite) (2000/53/CE[15]) dramhaíl ó Fheithiclí Ré Caite a theorannú agus a chosc agus tugtar breac-chuntas inti ar bhearta chun athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil Feithiclí Ré Caite a chur chun cinn. Tá spriocanna leagtha síos le haghaidh athúsáide agus aisghabhála agus athúsáide agus athchúrsála.  Sháraigh Éire an dá sprioc in 2020 ag seachadadh 97% d'athúsáid agus aisghabháil agus 90% d'athúsáid agus athchúrsáil d'Fheithiclí Ré Caite.

---

[13] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32006L0066
[14] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj?locale=ga
[15] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32000L0053



# CUID B: **CROÍ-BHEARTAIS**

# 4 CROÍ-BHEARTAIS

**Léiríonn na**
**CROÍ-BHEARTAIS**
**bunphrionsabail an Phlean seo.**

Dearadh na Croí-bheartais chun bheith i bhfeidhm go huilíoch ar gach Réimse Fócais sa Phlean seo agus tugtar le chéile fráma tagartha d'oibriú agus d'fhorbairt na ngeilleagar dramhaíola agus ciorclach níos leithne.

Forbraíodh na Croí-bheartais ó na cuspóirí a léiríodh in RWMP 2015-2021 agus cuireadh leo chun freagairt do na dúshláin a aithníodh agus chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Tiocfaidh gach gníomh sa Phlean seo faoi réir na tástála croí-bheartais:

## TÁSTÁIL CROÍ-BHEARTAIS

An comhshaol a chosaint agus tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide, cloí le beartas agus glacadh le comhoibriú, struchtúir reatha agus bheartaithe eagraíochtúla a úsáid le dul i bhfeidhm ar iompraíochtaí, an nuálaíocht a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar, tacú le pleananna náisiúnta agus soláthar glas a úsáid, sonraí dea-chaighdeáin a chur ar fáil, bonneagar tábhachtach a shainaithint agus tacú leis nuair is iomchuí agus a chinntiú go mbíonn acmhainní agus maoiniú ar fáil.

## CROÍ-BHEARTAIS 1

### Caomhnú an Chomhshaoil

Maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dramhaíola agus ar bhearta rialaithe bruscair lena chinntiú nach bhfuil siad mar bhagairt don chomhshaol agus do shláinte an duine agus go gcuireann siad go dearfach leis an gciorclaíocht.

Aithníonn Croí-Bheartas CB1 an gá atá ann an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint atá fíorthábhachtach do gach sprioc, beartas agus gníomh atá liostaithe sa Phlean seo agus d'oibriú na n-earnálacha dramhaíola agus ciorclacha.

Tagraíonn an beartas do chiorclaíocht agus aistriú chuig geilleagar ciorclach mar chuid d'ionchur na hearnála dramhaíola le gníomhú ar son na haeráide (beartas níos leithne maidir le gníomhú ar son na haeráide san áireamh mar CB2).

## CROÍ-BHEARTAS 2

### Gníomhú ar son na hAeráide

Tacú le seachadadh na mbeart agus na ngníomhartha a fhorordaítear sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide chun cur leis na spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach.

Sonraítear i gCaibidil 19 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP) go bhfuil an geilleagar ciorclach agus an gníomhú ar son na haeráide idirnasctha go bunúsach, áit a bhfuil comhthairbhí soiléire ag geilleagar ciorclach feidhmiúil don aeráid agus do dhramhaíl. Cruthaítear na bearta geilleagair chiorclaigh atá liostaithe sa CAP chun na buiséid charbóin a bhaint amach timpeall ar shraith

spriocanna dramhaíola AE a bhaint amach, lena n-áirítear laghdú ar dhramhaíl chuig líonadh talún, rátaí athchúrsála méadaithe, dramhbhia a laghdú faoina leath, bailiú feabhsaithe agus na bearta Plaistigh Aon Úsáide a chur i bhfeidhm.

Tugann Croí-Bheartas CB2 den Phlean seo tiomantas tacú leis na spriocanna atá ag teacht chun cinn sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach (lena n-áirítear gach athbhreithniú amach anseo).

## CROÍ-BHEARTAS 3

### Beartas agus Reachtaíocht

Beartais agus pleananna dramhaíola AE agus náisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus aistriú ina ngníomhartha lena gcumasaítear an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach agus spriocanna athchúrsála náisiúnta a bhaint amach.

Sonraítear i gCroí-Bheartas CB3 an gá atá le beartas agus reachtaíocht dramhaíola ábhartha an AE agus náisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus bhí an ceanglas seo mar bhonn agus mar thaca ag forbairt na mbeartas spriocdhírithe, gníomhartha tosaíochta do gach ceann de na Réimsí Fócais a léirítear sa Phlean seo.

Áirítear leis sin beartas ginearálta AE amhail ord na réiteach dramhaíola, costais an truaillithe ar an truaillitheoir, neamhthuilleamaíocht agus gaireacht chomh maith le beartas náisiúnta amhail oibleagáidí WAPCE agus beartas agus spriocanna níos sonraí maidir le Dramhaíl Sholadach Bhardasach, bia, pacáistíocht, etc. Ina theannta sin, déantar na spriocanna atá ann cheana agus na cinn atá ar feitheamh a léirítear i reachtaíocht ábhartha an AE a mhacasamhlú i spriocanna an AE a léirítear i **Rannán 3.2** den imleabhar seo.

Ceann de na príomhrudaí a fhoghlaimíodh ón meastóireacht ar an RWMP roimhe seo ná nach raibh an rialú riachtanach ar fad ag an earnáil rialtais áitiúil chun na spriocanna a gealladh laistigh de na pleananna sin a bhaint amach. Dá réir sin, tá forbairt an Phlean seo treoraithe ag cur chuige comhoibritheach le páirtithe leasmhara chun tógáil ar chaidrimh atá ann cheana agus chun a chinntiú go dtugtar faoi chur i bhfeidhm an Phlean seo trí úsáid a bhaint as múnla cur chuige comhroinnte.

## CROÍ-BHEARTAS 4

### Comhoibriú

Comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara maidir le croí-bheartais agus beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a sheachadadh chun a chinntiú go gcuirtear acmhainní airgeadais agus daonna cuí ar fáil.

Beidh freagracht ar pháirtithe iomadúla as polasaithe agus gníomhartha a sheachadadh, lena n-áirítear an earnáil rialtais áitiúil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an earnáil dramhaíola príobháidí agus páirtithe leasmhara eile.

Bunaítear le Croí-bheartas CB4 an ceanglas maidir le comhoibriú agus úinéireacht roinnte an Phlean seo agus spriocanna agus cur i bhfeidhm gaolmhar.

Aithnítear sa bheartas freisin an gá atá le comhoibriú i seachadadh na n-acmhainní riachtanacha don earnáil rialtais áitiúil chun an Plean a chur i bhfeidhm. Sainaithnítear in **Imleabhar III Caibidil 6** scála na hinfheistíochta rialtais a theastaíonn chun acmhainní a chur ar fáil den earnáil rialtais áitiúil chun cur i bhfeidhm an Phlean seo a bhaint amach.

## CROÍ-BHEARTAS 5

### Iompraíochtaí a Athrú

Tuiscint níos fearr a chruthú, trí phobalbhreitheanna, suirbhéanna agus taighde agus ansin tionchar a imirt agus feabhsuithe iompraíochta eolasacha a spreagadh i ngnó agus i dteaghlaigh trí líonraí Údaráis Áitiúla agus seachtracha agus feachtais feasachta ilghníomhaireachta chomhordaithe, lena n-áirítear mywaste.ie, chun dramhaíl a chosc agus acmhainní a bhainistiú chun luach agus acmhainneacht chiorclach na n-ábhar a mhéadú.

Spreagthóir suntasach de tháirgeadh dramhaíola is ea iompar an duine. Baineann táirgeadh dramhaíola tráchtála, teaghlaigh, tionsclaíche agus tógála go díreach le cinntí tomhaltóirí maidir le cineál agus scála na n-ábhar a cheannaítear agus an chaoi a mbainistítear na hábhair sin.

Is féidir leis a bheith deacair agus mall iompraíocht tomhaltóirí a fheabhsú ach is féidir é a bhaint amach trí fheachtais faisnéise mharthanacha agus inrochtana.

Faoi láthair, tá roinnt oibreoirí ann, amhail an Líonra Feasachta Comhshaoil, a bíonn ag óstáil feachtais faisnéise ar mhaithe leis an gcuspóir sainráite a bhaineann le hiompraíocht tomhaltóirí a athrú ar roghanna ciorclacha agus ar bhainistiú dramhaíola.

Molann Croí-Bheartas CB5 comhordú a dhéanamh ar gach feachtas athraithe iompraíochta chun dúbailt a chosc agus comhoibriú ar theachtaireachtaí a mhéadú.

## CROÍ-BHEARTAS 6

### Struchtúir Eagraíochta

A chinntiú go bhfuil feidhmeanna pleanála, rialála agus forfheidhmithe na hearnála rialtais áitiúil ailínithe, comhordaithe agus tacaithe go cuí ag an rialtas láir chun freagairt do dhúshláin atá ann cheana féin.

Mar chuid de chur chun feidhme an RWMP roimhe seo, bunaíodh struchtúir eagraíochtúla na hearnála rialtais áitiúil ar bhonn réigiúnach chun na trí réigiún bainistíochta dramhaíola a chumhdach. Áirítear leis sin bunú RWMPO chun pleanáil bainistíochta dramhaíola na n-údarás áitiúil a chomhordú agus WERLA a bhunú chun gníomhartha forfheidhmithe a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Tá na struchtúir seo seanbhunaithe agus d'éirigh thar barr leo agus moltar na struchtúir réigiúnacha seo a choinneáil faoin bPlean náisiúnta seo.

Tugann Croí-Bheartas CB6 sainordú don ghá leanúnach atá leis na struchtúir eagraíochtúla seo chun a chinntiú go gcuirfear an Plean seo i bhfeidhm go rathúil agus moltar feabhsuithe breise in **Imleabhar III Caibidil 4**.

## CROÍ-BHEARTAS 7

### Nuálaíocht

Tuilleadh taighde agus nuálaíochta a spreagadh agus tacú leo san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach.

Rachaidh aistriú rathúil ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach chun tairbhe na hearnála dramhaíola bunaithe agus cruthóidh sé deiseanna freisin le haghaidh réitigh nuálacha athúsáide, deisiúcháin agus athchúrsála agus úsáidí nuálach d'ábhair thánaisteacha.

Ní mór tacú le nuálaíocht den sórt sin agus í a chur chun cinn chun tuilleadh forbartha margaidh a spreagadh chun fíorgheilleagar ciorclach a chumasú.

Féachann Croí-Bheartas CB7 le nuálaíocht san earnáil dramhaíola agus acmhainní a spreagadh agus tacú léi, go háirithe seirbhísí, táirgí agus tionscnaimh nua atá ailínithe le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a bhfuil tionchair dhearfacha aeráide acu.

Tá cothromaíocht cheart bonneagair ag teastáil ón Stát chun dramhaíl a bhainistiú ar bhealach a chuireann barr feabhais ar luach an ábhair agus ar na deiseanna margaidh amach anseo agus ag an am céanna margadh feidhmiúil a choinneáil don am i láthair.

# CROÍ-BHEARTAS 8

## Monatóireacht

Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar bonneagair dramhaíola lena chinntiú go bhfuil bonneagar cuí leordhóthanach i bhfeidhm agus i gcás ina bhfuil easnaimh ann tacú le réitigh i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, neamhthuilleamaíocht, gaireacht agus ciorclaíocht.

Ceanglaítear le Croí-bheartas CB8 ar an earnáil rialtais áitiúil idirghníomhú le príomhpháirtithe leasmhara trí na struchtúir rialachais chuí maidir le stádas na hacmhainneachta cóireála. Aithneofar bearnaí in acmhainneacht bhonneagair le réitigh a dtacófar leo, mar aon le deiseanna chun tacú le forbairt gnólachtaí nua a úsáideann ábhair thánaisteacha, lena n-áirítear gníomhartha athúsáide, deisiúcháin agus athchúrsála.

Ina theannta sin, leanfaidh an earnáil rialtais áitiúil de bheith ag plé le comhlachtaí amhail an Bord Pleanála agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le bonneagar cóireála dramhaíola ar mhórscála agus an gá náisiúnta atá le saoráidí den sórt sin.

Leanfaidh Údaráis Áitiúla i ngach réigiún de chur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir le húdarú saoráidí cóireála dramhaíola ionas go gcoinneofar cur chuige comhionann maidir le toiliú.

# CROÍ-BHEARTAS 9

## An Plean Forbartha Náisiúnta

Tacú leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta, Straitéisí Earnála agus Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030[16] straitéis agus buiséad infheistíochta uileghabhálach an Rialtais don tréimhse 2021-2030. Sonraíonn an Plean sin 'Beidh gá le forbairt shuntasach forbairt acmhainne chun sruthanna éagsúla dramhaíola a leithscaradh agus a phróiseáil ag leibhéil rialtais áitiúil agus náisiúnta chun spriocanna nua dleathacha AE a ghnóthú agus d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ról don infheistíocht phoiblí.'

Gealltar le Croí-Bheartas CB9 go dtacóidh an Plean seo le cuspóirí straitéiseacha, straitéisí agus tosaíochtaí an Phlean Forbartha Náisiúnta a sheachadadh chun a chinntiú nach mbeidh aon choimhlint idir na pleananna.

Áirítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 sraith beart agus gníomhartha faoi bheartas leathan na hearnála poiblí ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla. Ar an gcaoi chéanna, faoin bPlean seo léireoidh an earnáil phoiblí ceannaireacht agus deis shoiléir chun ceannaireacht a stiúradh go comhuaineach trí shampla agus chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach ná trí chur i bhfeidhm iomlán na Treorach um Sholáthar Poiblí Glas don Earnáil Phoiblí.




[16] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/774e2-national-development-plan-2021-2030/?

## CROÍ-BHEARTAS 10

### Soláthar Poiblí Glas

Cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar Soláthair Phoiblí Ghlais i gconarthaí údaráis áitiúil a threisiú lena chinntiú go bhfuil caiteachas poiblí ailínithe le beartais an Phlean seo agus na straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas.

Tacaíonn Croí-Bheartas CB10 le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an tSoláthair Phoiblí Ghlais. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an treoir seo in 2021[17] chun tacú le cleachtais inbhuanaithe agus glasa a chur san áireamh i nósanna imeachta soláthair na hearnála poiblí agus tá gealltanas tugtha ag Éirinn Soláthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm i ngach tairiscint a úsáideann cistí poiblí ó 2023.

Trí sheirbhísí agus táirgí amhail tógáil, teicstílí agus bia a sholáthar, is féidir leis an earnáil rialtais áitiúil dul chun cinn fiúntach a dhéanamh maidir le dramhaíl a laghdú agus tacú le fiontair chiorclacha sa phobal.

## CROÍ-BHEARTAS 11

### Cáilíocht Sonraí

Cabhrú leis na páirtithe leasmhara go léir a chinntiú go bhfuil sonraí agus réamh-mheastacháin thráthúla ar ardchaighdeán ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus chun faireachán ar dhul chun cinn i gcoinne beartas agus spriocanna a chumasú.

Tá seachadadh tacar sonraí tráthúil agus láidir riachtanach chun an dul chun cinn maidir le comhlíonadh spriocanna náisiúnta agus AE a rianú agus chun rioscaí acmhainneachta don earnáil a chinneadh.

Tá gá le comhoibriú gníomhach idir páirtithe leasmhara chun malartú trédhearcach faisnéise agus seachadadh tráthúil sonraí atá iontach iontaofa a áirithiú.

Tacaíonn Croí-Bheartas CB11 leis an gcomhoibriú seo i rith thréimhse an Phlean chun feidhmíocht agus rianú comhlíontachta a chumasú mar a shonraítear in **Imleabhar III Caibidil 8**.

## CROÍ-BHEARTAS 12

### Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach

Aithníonn agus tacaíonn an Plean leis an ngá atá le bonneagar dramhaíola atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear bonneagar den chineál, den scála agus den ghaireacht atá riachtanach chun seirbhísí agus bonneagar dramhaíola a chothabháil a chuireann le huaillmhian agus le beartais an Phlean.

Tá easnamh d'acmhainneacht cóireála dramhaíola laistigh den Stát atá léirithe ag leibhéil arda onnmhairithe dramhaíola (d'onnmhairigh Éire 38% de Dramhaíl Sholadach Bhardasach in 2021 dá haisghabháil teirmeach agus athchúrsáil). Níl spleáchas ar an onnmhairiú inbhuanaithe agus tá sé ríthábhachtach bonneagar criticiúil atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a shainaithint chun cóireáil deiridh a dhéanamh ar dhramhaíl bhardasach chun leanúnachas an tsoláthair sa mhargadh a chosaint, a chur chun cinn agus a áirithiú.

Aithnítear i gCroí-Bheartas CB12 an gá atá le tacú le bonneagar dramhaíola tábhachtach atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo 'go náisiúnta' agus 'go réigiúnach' agus é a chosaint agus a bheith ag gluaiseacht i dtreo neamhthuilleamaíochta.

Baineann sé seo le bonneagar atá den chineál agus den scála a mheastar a bheith riachtanach chun margadh dramhaíola feidhmiúil a choinneáil laistigh den Stát mar a shainmhínítear in **Imleabhar I Caibidil 5**.

Soláthraítear i d**Tábla 4-1** na critéir maidir le bonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach a dtacaíonn Croí-Bheartas 12 leo.

[17] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/GPP-Guidance-for-the-Irish-Public-Sector.pdf

Tábla 4-1: Critéir maidir le Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach

| Cóireáil | Critéir Náisiúnta agus Tairseach |
|---|---|
| Bonneagar Réamhchóireála | Bonneagar réamhchóireála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 100,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Bonneagar Athchúrsála | Bonneagar athchúrsála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 100,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Bonneagar Athchúrsála (Múiríniú agus Díleá Anaeróbach) | Bonneagar athchúrsála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 90,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Cóireáil Theirmeach ar Dhramhaíl Sholadach Bhardasach | Saoráidí cóireála teirmí tiomnaithe a bhfuil acmhainn acu ar níos mó ná 100,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Líonadh Talún Neamhghuaiseach | Láithreáin líonta talún ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 100,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Saoráidí Aisghabhála Ithreach | Saoráidí aisghabhála ithreach ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 250,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| **Cóireáil** | **Critéir Réigiúnach agus Tairseach** |
| Bonneagar Réamhchóireála | Bonneagar réamhchóireála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 50,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Bonneagar Athchúrsála | Bonneagar réamhchóireála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 50,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Bonneagar Athchúrsála (Múiríniú agus Díleá Anaeróbach) | Bonneagar réamhchóireála ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 50,000 tonna in aghaidh na bliana. |
| Saoráidí Aisghabhála Ithreach | Saoráidí aisghabhála ithreach ag a bhfuil acmhainn níos mó ná 100,000 tonna in aghaidh na bliana. |

# CROÍ-BHEARTAS 13

## An Plean seo a Mhaoiniú

Féachann an Plean le maoiniú a mhealladh, lena n-áirítear ó chánacha agus ionstraimí eacnamaíocha ábhartha chun tacú le tionscnaimh agus tionscadail atá mar bhonn agus mar thaca ag leanúnachas gnó, príomhbheartais agus beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta. Cuirfidh aon tionscadal nó tionscnamh a eascraíonn as cur i bhfeidhmh an Phlean seo prionsabail chuí san áireamh, lena n-áirítear an prionsabal 'costais an truaillithe ar an truaillitheoir'.

**Is príomhdhúshlán é maoiniú don earnáil rialtais áitiúil chun feidhmeanna dramhaíola agus oibleagáidí comhshaoil a sheachadadh. Soláthraíonn an Plean seo creat do mhaoiniú leanúnach do sheirbhísí riachtanacha mar aon le hinfheistíocht mhéadaithe i mbonneagar poiblí agus príobháideach.**

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí maoinithe chun an Plean seo a chur i bhfeidhm:

- **Ón** rialtas láir lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus teicniúla ag an earnáil rialtais áitiúil a theastaíonn chun an Plean a chur i bhfeidhm;
- **Ón** rialtas áitiúil maidir le gach feidhm agus oibleagáid dramhaíola, lena n-áirítear bonneagar dramhaíola, CAS; agus
- **Ón** earnáil phríobháideach le haghaidh córais nuálacha coiscthe, athúsáide agus deisiúcháin nó bailithe, athchúrsála, aisghabhála agus diúscartha.

**Gealltar le Croí-Bheartas CB13 go dtacóidh príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara le seirbhísí agus oibleagáidí riachtanacha a sheachadadh agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil chun beartais agus gníomhartha a sheachadadh leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.**

Cuirtear anailís níos mionsonraithe ar na ceanglais airgeadais maidir le cur chun feidhme an Phlean seo i láthair in **Imleabhar III Caibidil 6**, lena n-áirítear na hacmhainní is gá chun leanúnachas gnó a choinneáil agus na hacmhainní breise atá ag teastáil leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.






# CUID C:
# RÉIMSÍ FÓCAIS

# GRÚPAÍ RÉIMSÍ FÓCAIS

Mar gheall ar a chasta is atá an earnáil dramhaíola agus na dúshláin atá le sárú, léiríonn an Plean seo 16 réimse fócais ar sainaithníodh beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta ina leith. Roghnaíodh na réimsí fócais chun tacú le huaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach laistigh den fhráma tagartha a sholáthraíonn na croí-bheartais.

Rinneadh na réimsí fócais a rangú ina dtrí ghrúpa: oibríochtúil; sruth ábhair agus bonneagar.

## OIBRÍOCHTÚIL

Díríonn Réimsí Fócais Oibríochtúla ar oibriú córas dramhaíola tráchtála agus teaghlaigh, na scéimeanna comhlíontachta agus na córais bailithe dramhaíola atá ann cheana. Tá ceithre réimse fócais sa ghrúpa seo.

## SRUTHANNA ÁBHAIR


Díríonn réimsí fócais maidir le sruth ábhair ar na sruthanna dramhaíola éagsúla a chaithfear a bhainistiú agus tá sé réimse fócais sa ghrúpa seo.

## BONNEAGAR

Díríonn réimsí fócais maidir le bonneagar ar an mbonneagar a theastaíonn chun na hoibríochtaí a chothabháil chun sruthanna ábhair a bhainistiú agus tá sé réimse fócais sa ghrúpa seo.

Léiríonn na rannáin seo a leanas na 16 bhileog eolais réimse fócais ina bhfuil na beartais spriocdhírithe agus na gníomhartha tosaíochta a sainaithníodh chun tacú le huaillmhian agus spriocanna an Phlean.

## TREOIR DON BHILEOG EOLAIS



# 5 RÉIMSÍ FÓCAIS OIBRÍOCHTÚLA

## OIBRÍOCHTÚIL RÉIMSÍ FÓCAIS

Tá ceithre Réimse Fócais Oibríochtúla ann mar seo a leanas:

- **RF1** Dramhaíl Bhardasach Tráchtála;
- **RF2** Dramhaíl Bhardasach Teaghlaigh;
- **RF3** Scéimeanna Comhlíontachta (Freagracht Leathnaithe Táirgeora); agus
- **RF4** Córais Bailithe.

Cuirtear Bileog Eolais do gach Réimse Fócais ar fáil le beartais spriocdhírithe ainmnithe agus gníomhartha tosaíochta. Tá freagracht ar pháirtithe leasmhara lena mbaineann as gach gníomh tosaíochta agus iad ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach i leith chur i bhfeidhm an Phlean.

## AILÍNIÚ

Tá beartais agus gníomhartha tosaíochta spriocdhírithe an Réimse Fócais Oibríochtúla deartha chun freagairt do dhúshláin oibríochtúla, lena n-áirítear:

- Táirgeadh dramhaíola a chosc agus an uaillmhian maidir le 0% d'fhás iomlán dramhaíola a bhaint amach trí bheartais amhail BS1.1, BS1.5, BS2.1 agus BS2.5;
- An ráta athchúrsála bardasaí a mhéadú chun cabhrú leis an mbearna a líonadh chuig spriocanna athchúrsála na chéad ghlúine eile agus ag an am céanna cáilíocht agus méid na n-ábhar a gabhadh agus a athchúrsáladh a bharrfheabhsú chun ciorclaíocht níos mó a chumasú. Tá roinnt beartas léirithe chun an ráta athchúrsála a mhéadú lena n-áirítear BS1.2, BS2.2, BS2.4, BS3.1, BS4.1, BS4.2, BS4.3 agus BS4.4; agus
- Na bearta geilleagair chiorclaigh don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach, go háirithe na spriocanna seo a leanas a dtacaíonn an bonn beartais leo tríd is tríd:
  - Dramhaíl bhardasach a laghdú faoi 65% faoi 2035; agus
  - Oibleagáidí bailithe ar leithligh leathnaithe chun dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a áireamh (faoi dheireadh 2024), bithdhramhaíl (faoi dheireadh 2023), agus teicstílí (faoi dheireadh 2024).

Bíodh is go bhfuil beartais spriocdhírithe deartha lena gcur i bhfeidhm i rith thréimhse an Phlean, tá gníomhartha tosaíochta níos dinimiciúla chun go mbeidh cur i bhfeidhm an Phlean solúbtha chun freagairt d'athruithe margaidh, beartais nó reachtacha atá ag teacht chun cinn trí na pleananna oibre bliantúla.

Is iad na gníomhartha atá liostaithe ar na bileoga oibre na gníomhaíochtaí tosaíochta lena gcur chun feidhme go luath i dtréimhse an Phlean agus féadfar iad a leasú nó cur leo de réir mar a éilíonn an RWMPO trí chur chun feidhme an Phlean.

Sannadh freagracht as gach gníomh tosaíochta do phríomh-chomhpháirtí nó do phríomhpháirtí leasmhar chun comhoibriú agus comhúinéireacht a choinneáil agus léirítear maitrís freagrachta tar éis na mbileog eolais do gach grúpa réimse fócais.

| RÉIMSE FÓCAIS 1 | DRAMHAÍL TRÁCHTÁLA BHARDASACH |
|---|---|
| **Cuspóir** | **Céard atá i gceist leis?** |
| Cosc agus leithscaradh níos fearr ar dhramhaíl tráchtála a chur chun cinn. | Is dramhaíl mheasctha í dramhaíl tráchtála bhardasach atá cosúil ó thaobh cineáil agus comhdhéanaimh de le dramhaíl ó theaghlaigh agus bíonn dramhbhia inti. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS1.1** | **GT1.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Bealaí, modhanna agus príomh-spreagthaí nua de chleachtas tomhaltais inbhuanaithe a aithint agus a chur chun cinn chun táirgeadh dramhaíola a laghdú. | Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile chun feachtais agus tionscadail feasachta spriocdhírithe a fhorbairt agus a sheachadadh chun feabhas a chur ar iompraíochtaí maidir le cosc, athúsáid agus deisiú i suíomhanna nach suíomhanna teaghlaigh iad. |
| **BS1.2** | **GT1.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A chinntiú go nglacann gach suíomh dramhaíola bardasaí nach suíomh teaghlaigh é le dea-chleachtas maidir le leithscaradh dramhaíola agus go ndéantar seirbhísiú orthu le córas bailithe dramhaíola leithscartha chun méid agus cáilíocht na n-ábhar a bhailítear a uasmhéadú. | Feabhas a chur ar ghabháil sonraí ó bhailitheoirí dramhaíola do shuíomhanna nach suíomh teaghlaigh iad tríd an Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola. |
| **BS1.3** | **GT1.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| Monatóireacht agus tomhas cruinn ar sreafaí dramhaíola bardasaí tráchtála a neartú. | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le scéim dearbhaithe bainistíochta dramhaíola inbhuanaithe do leanúnachas gnó atá comhsheasmhach leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. |
| **BS1.4** | **GT1.4 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| Bearta iomchuí rannpháirtíochta agus/nó forfheidhmithe a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar chásanna de neamhchomhlíonadh a sainaithníodh. | Dul i dteagmháil le gnólachtaí trí struchtúir údaráis áitiúil chun cleachtais chomhsheasmhacha a chur chun cinn maidir le dramhaíl tráchtála a bhainistiú ag baint úsáid as bearta, lena n-áirítear uirlisí gnó MyWaste.ie. |
| **BS1.5** | **GT1.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Cur i bhfeidhm comhsheasmhach de chóras praghsála dreasaithe iomchuí do dhramhaíl bhardasach nach dramhaíl teaghlaigh í a chur chun cinn, trí fheasacht agus forfheidhmiú. | A áirithiú go gcuirfear fodhlíthe stórála agus cur i bhfeidhm dramhaíola i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go spriocdhírithe chun feabhas a chur ar rannpháirteachas agus ar chleachtais leithscartha agus chun iad a ionchorprú sa phróiseas RMCEI. |

# RÉIMSE FÓCAIS 2 DRAMHAÍL TRÁCHTÁLA BHARDASACH

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Tomhaltas teaghlaigh a laghdú agus rochtain uilíoch a sholáthar ar chórais bailithe údaraithe agus rannpháirteachas iontu a mhéadú agus leithscaradh foinse a fheabhsú chun luach bunúsach na n-ábhar a chaomhnú. | Is dramhaíl mheasctha agus dramhaíl a bhailítear ar leithligh í dramhaíl bhardasach teaghlaigh, lena n-áirítear páipéar agus cairtchlár, gloine, miotail, plaistigh, dramhbhia, bithdhramhaíl, adhmad, teicstílí, pacáistíocht, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, cadhnraí agus taisc-chealla dramhaíola, agus dramhaíl théagartha, lena n-áirítear tochtanna agus troscán. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS2.1** | **GT2.1 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/ An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Bealaí, modhanna agus príomh-spreagthaí nua de chleachtas tomhaltais inbhuanaithe a aithint agus a chur chun cinn chun táirgeadh dramhaíola a laghdú. | Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara go léir chun feachtais agus tionscadail leanúnacha agus dírithe ar athrú iompraíochta a sheachadadh, ag díriú ar theaghlaigh, a chumasaíonn an t-aistriú chuig tomhaltas inbhuanaithe. |
| **BS2.2** | **GT2.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| A chinntiú gur féidir le gach suíomh teaghlaigh leas a bhaint as seirbhís dramhaíola údaraithe atá leithscartha cois cosáin go príomha ach lena n-áirítear freisin Ionaid Fóntas Poiblí nó roghanna eile cuí. | Córais teaghlaigh cois cosáin a uasmhéadú, sainaithint araidí a chaighdeánú agus earraí a nglactar leo le haghaidh athchúrsála a chur chun cinn trí amharcléiriú a úsáid. |
| **BS2.3** | **GT2.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| Monatóireacht agus tomhas dramhaíola teaghlaigh a neartú agus bearta forfheidhmithe iomchuí a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar chásanna de neamhchomhlíonadh a sainaithníodh. | Sruthanna dramhaíola féideartha a shainaithint le haghaidh réamh-mheasúnú féidearthachta mar sheirbhísí cois cosáin breise. |
| **BS2.4** | **GT2.4 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Córais bailithe agus leithscartha fheabhsaithe a aithint agus a chur i bhfeidhm le haghaidh sruthanna dramhaíola breise do gach suíomh teaghlaigh chun méid agus caighdeán na n-ábhar a bhailítear a uasmhéadú. | Ag eascairt as an anailís tionchair (BS2.5), athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na socruithe praghsála dreasaithe atá ann cheana agus scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le feabhsuithe. |
| **BS2.5** | **GT2.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Anailís a dhéanamh ar thionchar an chórais praghsála dreasaithe atá ann cheana do dhramhaíl bhardasach teaghlaigh. | Bailiú/diúscairt/aisghabháil neamhúdaraithe dramhaíola teaghlaigh a aithint/a imscrúdú, cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus spriocdhírithe na bhfodhlíthe stórála agus cur i láthair dramhaíola a chinntiú agus a ionchorprú sa phróiseas RMCEI. |
| | **GT2.6 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| | Córais bailithe dramhaíola leithscartha iomchuí a aithint d'árasáin agus d'fhorbairtí úsáide measctha agus tacú leis an tionscal dramhaíola leis na córais sin a chur i bhfeidhm. |

# RÉIMSE FÓCAIS 3 SCÉIMEANNA COMHLÍONTACHTA (EPRanna)

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Ciorclaíocht na sruthanna dramhaíola a bhailítear a fheabhsú tríd an bhféidearthacht maidir le hathúsáid agus deisiú agus comhlíonadh spriocanna a éascú. | Áirithítear le Scéimeanna Comhlíontachta nó le scéimeanna Freagrachta Leathnaithe táirgeora, EPRanna, go mbeidh freagracht airgeadais ar tháirgeoirí táirgí as bainistiú a dhéanamh ar chéim dramhaíola saolré táirge. Faoi láthair tá sé Scéim Comhlíontachta ann lena n-áirítear pacáistiú, DTLL, cadhnraí, boinn, Feithiclí Ré Caite agus plaistigh feirme. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS3.1** | **GT3.1 (EPR/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Gabháil, athúsáid, deisiú agus ciorclaíocht sruthanna dramhaíola sainordaithe a chur chun cinn agus a fheabhsú trí oibriú le Scéimeanna Comhlíontachta. | Tacú le Scéimeanna Comhlíontachta maidir le feachtais agus tionscadail feasachta spriocdhírithe a fhorbairt agus a sheachadadh maidir le pacáistiú. |
| **BS3.2** | **GT3.2 (EPR/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Éicea-dhearadh táirgí atá tíosach ar acmhainní, marthanach, in-deisithe, in-athúsáidte agus in-uasghrádaithe a chur chun cinn d'fhonn athúsáid ábhair a uasmhéadú agus táirgeadh dramhaíola a chosc. | Na moltaí san Athbhreithniú ar Ionaid Fóntas Poiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear creat le haghaidh rochtain ar ábhair lena n-athúsáid agus lena ndeisiú leis na Scéimeanna Comhlíontachta. |
| **BS3.3** | **GT3.3 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil/Duine aonair)** |
| Monatóireacht agus tomhas dramhaíola teaghlaigh a neartú agus bearta forfheidhmithe iomchuí a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar chásanna de neamhchomhlíonadh a sainaithníodh. | An fhéidearthacht a bhunú, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, maidir le socruithe Freagrachta Leathnaithe Táirgeora do shruthanna dramhaíola eile leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. |
| **BS3.4** | **GT3.4 (EPR/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| An tionscnamh maidir le 'ceart chun deisiúcháin' ón gCoimisiún a chur chun cinn chun faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le marthanacht agus indeisitheacht táirgí, infhaighteacht seirbhísí deisiúcháin, páirteanna spártha agus lámhleabhar deisiúcháin, agus nuashonruithe agus uasghrádú bogearraí. | Tacú le tionchar modhnaithe táillí agus é a rianú mar phríomhspreagadh maidir le hathchúrsáil agus ciorclaíocht mhéadaithe. |
| | **GT3.5 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | A chinntiú go bhfuil córas forfheidhmithe leordhóthanach agus comhréireach i bhfeidhm chun tacú le Scéimeanna Comhlíontachta agus easnaimh a shainaithint nuair is ann dóibh. |

# RÉIMSE FÓCAIS 4 CÓRAIS BAILITHE

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Córais bailithe dramhaíola atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú agus roghanna inmharthana eile a sholáthar le haghaidh sruthanna dramhaíola nach ndéantar seirbhísiú orthu. | Déantar soláthar i gcórais bailiúcháin maidir le hábhair dramhaíola a ghabháil agus áirítear iontu réamhshórtáil agus stóráil ábhar chun iompar chuig saoráidí cóireála a éascú. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS4.1** | **GT4.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| An tús áite a thugtar do bhailiúchán leithscartha dramhaíola tráchtála/teaghlaigh cois cosáin mar fhoinse di a choinneáil mar an modh is fearr chun méid agus cáilíocht na n-ábhar a bhailítear a chinntiú. | Ceantair ina bhfuil rannpháirteachas/clúdach íseal a aithint le WERLA agus NWCPO agus dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse chun clúdach a fheabhsú. |
| **BS4.2** | **GT4.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil/ Duine aonair)** |
| A chinntiú go bhfuil córais bailiúcháin mhalartacha comhsheasmhach le córais bailithe cois cosáin atá bunaithe. | Comhoibriú le soláthraithe seirbhíse chun teimpléid a fhorbairt le haghaidh: earraí téagartha caighdeánaithe agus scéimeanna bailithe teicstílí, seirbhís bailithe thiomnaithe le haghaidh earraí indeisithe agus scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh agus mionscála a bhailiú. |
| **BS4.3** | **GT4.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/ Duine aonair)** |
| Feabhsuithe féideartha ar chórais bailithe agus leithscartha atá ann cheana a aithint agus roghanna le haghaidh sruthanna dramhaíola breise, lena n-áirítear ábhar ó ghlanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair. | An fhéidearthacht a bhunú, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, maidir le socruithe Freagrachta Leathnaithe Táirgeora do shruthanna dramhaíola eile leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. |
| **BS4.4** | **GT4.4 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/ EPR)** |
| Líonra bonneagair bailithe dramhaíola poiblí comhtháite, neartaithe agus comhordaithe a fhorbairt a fhreagraíonn go hinbhuanaithe do riachtanais tomhaltóirí, do dhúshláin rialála agus bheartais, agus don gheilleagar ciorclach le tacaíocht ón rialtas láir. | Tacú le moltaí an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Ionaid Fóntas Poiblí agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Scéimeanna Comhlíontachta agus príomhpháirtithe leasmhara eile. |
| **BS4.5** | **GT4.5 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil/ An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)** |
| Measúnú a dhéanamh ar chórais bailithe dramhaíola easchósta oileán atá ann cheana agus feabhsuithe cuí a shainaithint atá comhsheasmhach leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus le hord na réiteach dramhaíola. | Soláthar bonneagair dramhaíola atá inrochtana go poiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear taitneamhachtaí sibhialta, ionaid fág anseo agus saoráidí íoc le húsáid go háirithe mar fhreagairt ar GT4.1, agus a chinntiú go ndéantar an bonneagar sin a rialáil i gceart. |
| | **GT4.6 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Oibreoidh WERLAnna chun a leanas a chinntiú: forfheidhmiú dírithe cothrom agus comhréireach a chur i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht bailithe dramhaíola, cur i bhfeidhm na bhFodhlíthe Cur i Láthair Dramhaíola le fócas ar leith ar fhorálacha GT4.1 agus bailíochtú sonraí leanúnacha agus seasmhacha. |

# 6 RÉIMSÍ FÓCAIS SRUTHANNA ÁBHAIR

## SRUTH ÁBHAIR RÉIMSÍ FÓCAIS

Tá sé Réimse Fócais Sruthanna Ábhair mar seo a leanas:

- **RF5** Dramhbhia;
- **RF6** Dramhaíl Phacáistithe;
- **RF7** Dramhaíl Phlaisteach Aon Úsáide
- **RF8** Tógáil agus Scartáil;
- **RF9** Teicstílí; agus
- **RF10** Dramhaíl Ghuaiseach.

Cuirtear Bileog Eolais do gach réimse fócais ar fáil le beartais spriocdhírithe ainmnithe agus gníomhartha tosaíochta. Tá freagracht ar pháirtithe leasmhara lena mbaineann as gach gníomh tosaíochta agus iad ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach i leith chur i bhfeidhm an Phlean.

## AILÍNIÚ

Dearadh beartais agus gníomhartha spriocdhírithe do na Réimsí Fócais Sruthanna Ábhair chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar na dúshláin reatha agus iad siúd ar feitheamh a shainaithnítear in **Imleabhar I** atá éagsúil do gach ceann de na sruthanna a léirítear.

I measc na mbeartas agus na ngníomhartha a léirítear tá bearta chun tomhaltas a mhaolú, córais chiorclacha a fheabhsú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn.

Freagraíonn beartais spriocdhírithe do na dúshláin atá ag teacht chun cinn, i.e. cosc a chumasú (BS6.1) agus spriocanna athchúrsála na chéad ghlúine eile a bhaint amach (BS6.2 agus BS6.4). Ar an gcaoi chéanna, tá beartas dramhaíola tógála dírithe ar chosc (BS8.1) trí chinntí náisiúnta maidir le fotháirge agus ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad a chur chun feidhme (BS8.2). Sa dá chás ceapadh na beartais de réir na huaillmhéine maidir le 0% d'fhás iomlán dramhaíola sa Phlean seo agus chun an ráta athchúrsála náisiúnta a mhéadú.

Léirítear Réimse Fócais le haghaidh plaistigh aon úsáide (RF7) ar leithligh ón réimse le haghaidh pacáistiú (RF6) i bhfianaise shainchúram leathan na gceanglas ón Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide (BS7.1) lena n-áirítear cosc, athchúrsáil agus gabháil.

Maidir le sruthanna atá ag teacht chun cinn amhail dramhbhia agus teicstílí, freagraíonn na beartais do tháirgeadh na n-ábhar sin a chosc agus do shonraí a ghabháil chun a áirithiú go bhféadfar na hábhair sin a rianú agus a bhainistiú (BS9.2) chun idirghabhálacha ciorclacha a chumasú. Arís eile, cabhróidh na beartais seo leis an bhfás ar tháirgeadh dramhaíola a mhaolú (BS6.1 agus BS9.1) agus beifear in ann na sruthanna sin a ghabháil agus a athchúrsáil ar bhealach níos fearr (BS6.2 agus BS9.3).

Chomh maith leis na gealltanais dramhaíola agus chiorclacha, dearadh na beartais seo maidir le Réimse Fócais Sruth Ábhair chun freagairt do na spriocanna seo a leanas atá liostaithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023:

- Dramhaíl phacáistithe a laghdú faoi 70% faoi 2030;
- 55% de dhramhaíl phacáistithe phlaisteach a athchúrsáil faoi 2030;
- Dramhbhia a laghdú faoi 50% faoi 2030;
- Soláthar a dhéanamh do 90% de choimeádáin phlaisteacha dí aon úsáide a bhailiú faoi 2029;
- Na spriocanna maidir le dramhaíl phlaisteach aon úsáide a laghdú a bhaint amach trí bhearta forordaithe tráth nach déanaí ná 2026; agus
- A chinntiú go bhfuil pacáistíocht phlaisteach aon úsáide ar fad in-athúsáidte nó in athchúrsáilte faoi 2030.

Beidh sé tairbheach na spriocanna seo a thabhairt i gcrích do ghníomhú ar son na haeráide agus don aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus ceapadh na beartais sa Phlean seo chun tacú leis an athrú riachtanach.

Bíodh is go bhfuil beartais spriocdhírithe deartha lena gcur i bhfeidhm i rith thréimhse an Phlean, tá gníomhartha tosaíochta níos dinimiciúla chun go mbeidh cur i bhfeidhm an Phlean solúbtha chun freagairt d'athruithe margaidh, beartais nó reachtacha atá ag teacht chun cinn trí na pleananna oibre bliantúla.

Is iad na gníomhartha liostaithe na gníomhartha tosaíochta lena gcur chun feidhme go luath i dtréimhse an Phlean agus féadfar iad a leasú nó cur leo de réir mar a éilíonn an RWMPO trí chur chun feidhme an Phlean.

Sannadh freagracht as gach gníomh tosaíochta do phríomh-chomhpháirtí nó do phríomhpháirtí leasmhar chun comhoibriú agus comhúinéireacht a choinneáil agus léirítear maitrís freagrachta tar éis na mbileog eolais do gach grúpa réimse fócais.

# RÉIMSE FÓCAIS 5 DRAMHBHIA

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Tacú le dramhbhia a chosc i gcomhréir le sprioc SFI na Náisiún Aontaithe dramhaíl bia dhomhanda per capita a laghdú faoi dhó faoi 2030 agus an Treochlár Náisiúnta um Dhramhbhia a Chosc a chur i bhfeidhm. | Ciallaíonn dramhbhia an bia go léir mar a shainmhínítear é i Rialacháin an AE maidir le Dlí Bia (aon substaint nó táirge, bíodh sé próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, atá beartaithe lena ionghabháil ag daoine, nó a bhfuiltear ag súil le réasún go ndéanfaidh daoine é a ionghabháil) atá anois ina dhramhaíl. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS5.1** | **GT5.1 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tomhaltóirí, soláthraithe seirbhíse agus táirgeoirí a chumasú le roghanna eolasacha a dhéanamh chun dramhbhia a chosc. | Comhoibriú leis an gclár 'Cuir Cosc ar Dhramhbhia' chun gnólachtaí agus sealbhóirí teaghlaigh a chur ar an eolas maidir le dea-chleachtais a bhaineann le cosc dramhbhia chun feabhsuithe iompraíochta a chur chun cinn. |
| **BS5.2** | **GT5.2 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na hearnála údaráis áitiúil ar an gCairt um Dhramhbhia agus ar na hoibleagáidí earnála sonracha atá sa Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rialála agus feasachta. | Comhordú a dhéanamh ar an tSeachtain Náisiúnta bhliantúil um Dhramhbhia a Athchúrsáil i gcomhpháirtíocht le comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Athchúrsála Dramhbhia agus na n-údarás áitiúil. |
| **BS5.3** | **GT5.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm roghanna bainistíochta dramhbhia inbhuanaithe agus ciorclach do gach gnó agus áit chónaithe. | Bainistiú a dhéanamh ar an gclár seachadta agus monatóireachta le haghaidh rolladh amach náisiúnta na bPacáistí Leithscartha Dramhbhia chuig teaghlaigh. |
| **BS5.4** | **GT5.4 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara)** |
| Leanúint ar aghaidh ag cur na modhanna barrmhaithe agus is fearr chun dramhbhia a bhainistiú chun cinn i ngach suíomh. | Treoir agus tacaíocht a chur ar fáil chun cabhrú le gach suíomh an sprioc maidir le dramhbhia a bhaint amach agus chun cabhrú leis na hearnálacha táirgthe, monaraíochta agus próiseála príomhúla maidir le caillteanais bia feadh an tslabhra táirgthe agus soláthair a ríomh agus a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarghabhála. |
| | **GT5.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Leanúint den fhorfheidhmiú dírithe ar cheadanna bailithe dramhaíola agus fodhlíthe cur i láthair dramhaíola maidir le haraidí athchúrsála dramhbhia a chur ar fáil do shuíomhanna nach suíomh teaghlaigh iad agus suíomhanna teaghlaigh araon. |
| | **GT5.6 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Roghanna a fhiosrú chun comhchuibhiú na beatha in-athnuaite i dtaraifí ar fud oileán na hÉireann a fheabhsú chun cóireáil dhúchasach bia/bithdhramhaíola a spreagadh. |

# RÉIMSE FÓCAIS 6 DRAMHAÍL PHACÁISTITHE

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Dramhaíl phacáistithe a chosc trí chleachtais fheabhsaithe gnó/táirgeora agus roghanna tomhaltóirí agus ciorclaíocht na pacáistíochta a mhéadú chun spriocanna nua athchúrsála pacáistithe a chomhlíonadh. | Ciallaíonn dramhaíl phacáistithe aon phacáistíocht nó aon táirgí ábhair phacáistithe atá déanta d'aon ábhar de chineál ar bith atá le húsáid chun earraí a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh agus a chur i láthair. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS6.1** | **GT6.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tomhaltóirí, soláthraithe seirbhíse agus táirgeoirí a chumasú le roghanna eolasacha a dhéanamh chun dramhaíl phlaisteach agus phacáistithe a chosc. | Feachtais spriocdhírithe a fhorbairt agus a sheachadadh chun iompar tomhaltóirí a fheabhsú maidir le dramhaíl phacáistithe a chosc agus a leithscaradh. |
| **BS6.2** | **GT6.2 (EPR/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Feabhas a chur ar leithscaradh foinse agus próiseáil na n-ábhar araide in-athchúrsáilte chun athchúrsáil a bharrfheabhsú agus chun cabhrú le ciorclaíocht. | Dea-chleachtas a chur chun cinn agus feasacht a ardú ar oibleagáidí san earnáil miondíola amach anseo maidir le dramhaíl phacáistithe a laghdú, lena n-áirítear córais bailithe pacáistithe sa siopa, scéimeanna éarlaise agus aisíoca, pacáistíocht in-athúsáidte agus táirgí is féidir a athlíonadh a chur chun cinn. |
| **BS6.3** | **GT6.3 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Comhordú a dhéanamh ar fhreagairt earnáil na n-údarás áitiúil do na hoibleagáidí earnála atá i dTreoir an AE maidir le Dramhaíl Phacáistithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rialála agus feasachta. | Tabhairt isteach Scéimeanna Éarlaise agus Aisíoca le haghaidh buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim a chur chun cinn ina leagtar béim ar an méid a chuireann go dearfach le caighdeán na n-ábhar agus leis an gciorclaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| **BS6.4** | **GT6.4 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Oibriú leis an Scéim Comhlíontachta Pacáistithe chun gabháil agus ciorclaíocht dramhaíola pacáistithe a chur chun cinn agus a fheabhsú. | Úsáid ábhar athchúrsáilte a chur chun cinn i bpacáistiú le dearthóirí agus monaróirí chun tacú leis an aistriú chuig na riachtanais a bhaineann leis na Rialacháin Phacáistithe agus Dramhaíola Pacáistithe athbhreithnithe. |
| | **GT6.5 (EPR/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Rannpháirteachas sa scéim comhlíontachta a mhéadú le tacaíocht ó oibreoir na scéime comhlíontachta. |

# RÉIMSE FÓCAIS 7 PLAISTEACH AON ÚSÁIDE (SUP)

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Chun cosc a chur ar dhramhaíl phlaisteach aon úsáide i gcás ina bhfuil roghanna eile aitheanta a bhfuil acmhainneacht chiorclach níos mó acu ar fáil agus chun an Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide a chur i bhfeidhm. | Ciallaíonn 'táirge plaisteach aon úsáide' táirge atá déanta, go hiomlán nó go páirteach, as plaisteach agus nár ceapadh, nár dearadh ná nár cuireadh ar an margadh chun turais nó uainíochtaí iomadúla a dhéanamh, laistigh dá saolré, trína thabhairt ar ais chuig an táirgeoir lena athlíonadh nó trína athúsáid chun na críche céanna ar ceapadh é. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS7.1** | **GT7.1 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil/ An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)** |
| Comhordú a dhéanamh ar fhreagairt earnáil na n-údarás áitiúil do na hoibleagáidí earnála atá sa Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide agus sa bheartas náisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rialála agus feasachta. | Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtoirmeasc ar ábhair phlaisteacha aon úsáide atá á gcur ar mhargadh na hÉireann. |
| **BS7.2** | **GT7.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Feasacht a chur chun cinn agus dea-chleachtas a thabhairt i gcrích in earnáil an fháilteachais, an spóirt agus na n-imeachtaí, lena n-áirítear an ceanglas éigeantach maidir le coimeádáin/plátaí/ sceanra in-athúsáidte agus soláthar scairdeán uisce óil inrochtana. | Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le plaisteach aon úsáide i gceadúnú imeachtaí fáilteachais agus earnálacha pobail agus treoirlínte dea-chleachtais a ullmhú don earnáil chun deireadh a chur le plaisteach aon úsáide. |
| **BS7.3** | **GT7.3 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Córais nó scéimeanna éarlaise agus aisíoca a chur chun cinn agus a éascú le haghaidh plaistigh aon úsáide. | Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tobhach comhshaoil atá ann cheana agus tobhaigh nua ar tháirgí aon úsáide agus aird a tharraingt ar chuspóir na dtobhach. |
| **BS7.4** | **GT7.4 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil/EPR)** |
| Tacú le cur i bhfeidhm na dtoirmeasc agus na dtobhach ar phlaistigh aon úsáide. | Deireadh a chur le plaistigh aon úsáide i mbailte, institiúidí nó imeachtaí roghnaithe ar bhonn píolótach. |
| **BS7.5** | **GT7.5 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Toirmeasc a chur ar údaráis áitiúla plaistigh aon úsáide a úsáid in oifigí agus i limistéir phoiblí agus ag imeachtaí poiblí lasmuigh trí cheadúnú. | A chinntiú go bhfuil córas forfheidhmiúcháin leordhóthanach agus comhréireach i bhfeidhm maidir le plaistigh aon úsáide a thoirmeasc agus tobhaigh chomhshaoil a chur i bhfeidhm agus easnaimh a shainaithint i gcás inarb ann dóibh. |

# RÉIMSE FÓCAIS 8 DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Tacú le cinntí náisiúnta do dhramhaíl T&S agus Treoirlínte Dea-Chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil do Thionscadail Tógála & Scartála a chur chun cinn. | Ciallaíonn dramhaíl tógála agus scartála dramhaíl a tháirgtear trí ghníomhaíochtaí tógála agus scartála. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS8.1** | **GT8.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tús áite a thabhairt do chosc dramhaíola agus do chiorclaíocht san earnáil tógála agus scartála chun na hacmhainní is gá a ghabháil mar dhramhaíl a laghdú. | Critéir um Sholáthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm ar gach tionscadal tógála agus scartála údaráis áitiúil agus a úsáid níos leithne laistigh den earnáil a chur chun cinn. |
| **BS8.2** | **GT8.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Fás margaí ábhair thánaistigh a aithint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt na margaí sin, laistigh den earnáil tógála agus scartála. | Pleananna Bainistithe Acmhainní & Dramhaíola a ullmhú ar bhonn píolótach do thionscadail tógála agus scartála ag forbairtí údaráis áitiúil roghnaithe. |
| **BS8.3** | **GT8.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Treoirlínte Dea-Chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a ionchorprú maidir le Pleananna Bainistithe Acmhainní & Dramhaíola a ullmhú do Thionscadail Tógála & Scartála agus Plean Gníomhaíochta Ithreach agus Carta de chuid NWPS, agus monatóireacht á déanamh ag údaráis áitiúla ar chur i bhfeidhm na gceanglas seo. | Oiliúint a fhorbairt agus a sheachadadh, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun tacú le cinntí náisiúnta maidir le fotháirgí Rialachán 27 le haghaidh asfalt ó phlánáil bóithre (plánálacha bóthair) agus ithir agus cloch láithreáin úrnua; agus chun tacú le cinneadh náisiúnta a chur chun feidhme maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad Rialachán 28 do chumascáin, lena n-áirítear coincréit bhrúite agus tús áite a thabhairt d'úsáid ábhar a eascraíonn as cinntí náisiúnta maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad nó fotháirgí. |
| **BS8.4** | **GT8.4 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Ábhair a bhfuil carbón ísealchorpraithe agus acmhainneacht chiorclach ard acu a aithint agus a chur chun cinn chun úsáid san earnáil tógála a uasmhéadú. | An riachtanas le haghaidh Pleananna Bainistithe Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála a ionchorprú i mbeartas úsáide talún i bPleananna Forbartha Contae/Cathrach. |
| **BS8.5** | **GT8.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tabhairt faoi thobhach spriocdhírithe ar ábhair nua a iarraidh go gníomhach agus tacú leis chun úsáid amhábhar tánaisteach a spreagadh. | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht sruthanna dramhaíola a scaradh i scipeanna dramhaíola measctha chun éilliú a íoslaghdú agus athúsáid, athchúrsáil agus ciorclaíocht ar thionscadail tógála a uasmhéadú agus treoir a chur ar fáil don earnáil. |
| | **GT8.6 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Na hacmhainní atá ar fáil a leithdháileadh, agus aon acmhainní breise a theastaíonn a aithint, chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionscadail tógála agus scartála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le Plean Bainistithe Acmhainní & Dramhaíola an tionscadail agus bearta forfheidhmithe cuí a chur i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú. |

# RÉIMSE FÓCAIS 9 TEICSTÍLÍ

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Dramhaíl teicstíle agus tionchar an mhearfhaisin agus rialáil an mhargaidh teicstíle iarthomhaltais a fheabhsú. | I measc na dteicstílí tá snátha, snáitheanna agus earraí críochnaithe ar díol. Áirítear le teicstílí freisin roinnt ábhar lena mbaineann úsáidí tionsclaíocha agus speisialaithe agus gach ábhar neamh-éadaigh amhail línéadach, tuáillí, agus cairpéid beag beann ar an úsáid. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS9.1** | **GT9.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tionchar a imirt ar iompraíochtaí maidir le tomhaltas teicstílí agus iad a spreagadh, go háirithe maidir le tionchar aeráide agus straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha agus Clár an Gheilleagair Chiorclaigh. | Feachtais agus tionscadail feasachta spriocdhírithe a fhorbairt agus a sheachadadh chun iompar a fheabhsú maidir le tomhaltas inbhuanaithe, ciorclaíocht agus bailiú teicstílí. |
| **BS9.2** | **GT9.2 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Dul i dteagmháil le dearthóirí, táirgeoirí, miondíoltóirí, bailitheoirí agus próiseálaithe chun rianú agus bainistiú córasach teicstílí a chomhordú chun dramhaíl a íoslaghdú agus ciorclaíocht a bharrfheabhsú. | Fairsinge na roghanna agus an bhonneagair bailithe teicstíle atá ann cheana a mheas agus a shainiú, lena n-áirítear líonra na n-ionad asdíola carthanas cláraithe agus na dúshláin, na bacainní agus na bearnaí chun dul chun cinn a shainiú. |
| **BS9.3** | **GT9.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Bearta a shainaithint chun athúsáid agus deisiú teicstílí a chur chun cinn. | Mar thoradh ar GT9.2, moltaí a dhéanamh maidir le roghanna atá ann cheana a fheabhsú nó roghanna malartacha a thabhairt isteach le haghaidh bailiú teicstíle. |
| **BS9.4** | **GT9.4 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Comhoibriú níos fearr a chothú idir an earnáil miondíola, athúsáide agus teicstíle iarthomhaltais chun sineirgí a uasmhéadú. | Comhoibriú níos fearr a spreagadh agus a éascú idir earnáil na dteicstílí miondíola, athúsáide agus iarthomhaltais chun sineirgí a uasmhéadú. |
| **BS9.5** | **GT9.5 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Tabhairt faoi thobhach spriocdhírithe ar ábhair nua a iarraidh go gníomhach agus tacú leis chun úsáid amhábhar tánaisteach a spreagadh. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialála agus forfheidhmithe maidir le bailiú agus próiseáil teicstíle agus moltaí a dhéanamh de réir mar is gá. |

# RÉIMSE FÓCAIS 10 DRAMHAÍL GHUAISEACH

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| An Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021 – 2027 a chur i bhfeidhm agus feasacht tomhaltóirí a ardú maidir le dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a tháirgeadh. | I measc na dteicstílí tá snátha, snáitheanna agus earraí críochnaithe ar díol. Áirítear le teicstílí freisin roinnt ábhar lena mbaineann úsáidí tionsclaíocha agus speisialaithe agus gach ábhar neamh-éadaigh amhail línéadach, tuáillí, agus cairpéid beag beann ar an úsáid. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS10.1** | **GT10.1 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Cinnteoireacht eolasach a chur chun cinn chun tionchar a imirt ar thomhaltas iomchuí chun táirgeadh dramhaíola guaisí a chosc. | Tabhairt faoi fheachtais ardaithe feasachta le haird a tharraingt ar dhea-chleachtais agus ar roghanna eile, le fócas ar dtús ar phéinteanna, ar tháirgí glantacháin, ar chadhnraí ian litiam agus ar cheimiceáin garraíodóireachta. |
| | **GT10.2 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Treoir maidir le dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a dhiúscairt a nuashonrú agus a scaipeadh le feachtais spriocdhírithe trí shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, mywaste.ie agus oibreoirí dramhaíola. |
| **BS10.2** | **GT10.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Phríomh-Oifig Staidrimh)** |
| Freagra earnáil na n-údarás áitiúil ar na hoibleagáidí earnála sonracha atá sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021 – 2027 a chomhordú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rialála agus feasachta. | Suirbhéanna náisiúnta a dhéanamh ar fheasacht agus ar iompraíochtaí sealbhóirí teaghlaigh maidir le substaintí guaiseacha chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh agus bearta coisctheacha. |
| | **GT10.4 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht lipéadaithe táirgí agus ar lipéadú sa siopa ar shubstaintí guaiseacha chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le ceannach tomhaltóirí agus bainistiú dramhaíola. |
| | **GT10.5 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| | Suíomhanna a aithint le haghaidh saoráidí bailithe aispeiste agus oibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun bailiúcháin a sheachadadh agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le dramhaíl éillithe aispeiste a bhainistiú. |
| | **GT10.6 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil lena n-áirítear Oifigí Náisiúnta Loingsithe Trasteorann)** |
| | A chinntiú go bhfuil córas forfheidhmithe leordhóthanach agus comhréireach i bhfeidhm chun tionchar na dramhaíola guaisí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a mhaolú agus easnaimh a shainaithint nuair is ann dóibh. |

# 7 RÉIMSÍ FÓCAIS BONNEAGAIR

## BONNEAGAR RÉIMSÍ FÓCAIS

Tá sé Réimse Fócais Bonneagair ann mar seo a leanas:

- **RF11** Rialáil Bonneagair;
- **RF12** Bonneagar Athúsáide/Deisiúcháin;
- **RF13** Bonneagar Athchúrsála;
- **RF14** Bonneagar Aisghabhála;
- **RF15** Bonneagar Diúscartha; agus
- **RF16** Bonneagar Guaiseach.

Cuirtear Bileog Eolais do gach Réimse Fócais ar fáil le beartais spriocdhírithe ainmnithe agus gníomhartha tosaíochta. Tá freagracht ar pháirtithe leasmhara lena mbaineann as gach gníomh tosaíochta agus iad ag leanúint leis an gcur chuige comhoibritheach i leith chur i bhfeidhm an Phlean.

## AILÍNIÚ

Tá beartais agus gníomhartha tosaíochta spriocdhírithe an Réimse Fócais Bonneagair deartha chun freagairt do dhúshláin bhonneagair, lena n-áirítear:

- Ní mór rialáil bonneagair atá ann cheana agus bonneagar nua a rialú chun a áirithiú go bhfuil aon bhonneagar nó tionscnamh nua ag teacht le riachtanas an mhargaidh, go bhfuil sé inmharthana ar bhonn eacnamaíoch de agus go gcomhlíonann sé ord na réiteach dramhaíola agus prionsabail na neamhthuilleamaíochta agus na gaireachta. Ina theannta sin, tá critéir bhreise bunaithe ag an bPlean seo, lena n-áirítear treoirlínte suímh le haghaidh bonneagair nua chun cosaint an chomhshaoil a chinntiú. Léirítear na rialuithe rialála do gach oibríocht dramhaíola agus ciorclach i Réimse Fócais 11.
- Bíodh is go bhfuil fás tagtha ar an earnáil athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin le blianta beaga anuas, tá tacaíocht leanúnach agus fheabhsaithe ag teastáil ón earnáil chun fás breise a dhéanamh agus leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. Forordaítear an tacaíocht bheartais don earnáil seo i Réimse Fócais 12, lena n-áirítear an gealltanas do ghníomhaíocht athúsáide ag CAS de réir Sprioc Náisiúnta 3B.
- I rith an RWMP roimhe seo bhí méadú suntasach ar neamhthuilleamaíocht trí fhás an bhonneagair athchúrsála dhúchasaigh. Mar is amhlaidh le hathúsáid agus deisiú, teastaíonn tuilleadh tacaíochtaí agus bunábhar glan iontaofa in-athchúrsáilte ón earnáil seo lena chinntiú gur féidir acmhainneacht a uasmhéadú agus a leathnú. Mar a luadh thuas, tá an earnáil athchúrsála lárnach san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach (féach Réimse Fócais 13).
- Tá an Stát ag brath ar fad ar onnmhairiú chun Dramhaíl Sholadach Bhardasach iarmharach agus sruthanna dramhaíola eile a bhainistiú nach bhfuil inbhuanaithe agus cé go bhféadfadh béim ar chosc agus athúsáid an spleáchas seo a laghdú, tá gá fós le bonneagar aisghabhála dúchasach breise a dtacaíonn an Plean seo leis i Réimse Fócais 14.
- Bíodh is gur lean an treocht maidir le diúscairt laghdaithe chuig líonadh talún le blianta beaga anuas, tá gá fós le cumas diúscartha a choinneáil laistigh den Stát chun Dramhaíl Sholadach Bhardasach iarmharach a bhainistiú in éineacht le beartais diúscartha níos leithne i Réimse Fócais 15. Ceapadh na beartais diúscartha seo chun freagairt do na spriocanna seo a leanas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a éileoidh ar an earnáil an spleáchas ar dhiúscairt líonadh talún a laghdú:
  - Teorainn a chur le hatreorú dramhaíola bardasaí in-bhithmhillte chuig líonadh talún go dtí an uasteorainn 427,000 tonna; agus
  - An méid dramhaíola bardasaí a chuirtear i líonadh talún a laghdú go 10% faoi 2035.
- Tugtar tacaíocht do chórais bhonneagair agus bailithe atá sainordaithe faoin bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí sa Phlean seo i Réimse Fócais 16.

Bíodh is go bhfuil beartais spriocdhírithe deartha lena gcur i bhfeidhm i rith thréimhse an Phlean, tá gníomhartha tosaíochta níos dinimiciúla chun go mbeidh cur i bhfeidhm an Phlean solúbtha chun freagairt d'athruithe margaidh, beartais nó reachtacha atá ag teacht chun cinn trí na pleananna oibre bliantúla.

Is iad na gníomhartha liostaithe na gníomhartha tosaíochta lena gcur chun feidhme go luath i dtréimhse an Phlean agus féadfar iad a leasú nó cur leo de réir mar a éilíonn an RWMPO trí chur chun feidhme an Phlean.

Sannadh freagracht as gach gníomh tosaíochta do phríomh-chomhpháirtí nó do phríomhpháirtí leasmhar chun comhoibriú agus comhúinéireacht a choinneáil agus léirítear maitrís freagrachta tar éis na mbileog eolais do gach grúpa réimse fócais.

| RÉIMSE FÓCAIS 11 | BONNEAGAR (RIALÁIL) |
|---|---|
| **Cuspóir** | **Céard atá i gceist leis?** |
| Bonneagar agus tionscnaimh atá ann cheana féin agus atá nua a rialáil chun a chinntiú go bhfuil scála iomchuí ag forbairtí agus go bhfuil siad lonnaithe go hiomchuí agus beartais ord na réiteach dramhaíola, prionsabail na neamhthuilleamaíochta agus na gaireachta á léiriú. | Cuimsíonn bonneagar cóireála dramhaíola saoráidí próiseála, athshlánaithe agus diúscartha agus cosnaíonn rialáil na saoráidí an comhshaol agus sláinte an duine. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS11.1** | **GT11.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Beidh forbairt nó feabhsú an bhonneagair nó na dtionscnamh atá ann cheana nó atá nua faoi réir chur i bhfeidhm ord na réiteach dramhaíola agus treoir lonnaithe na saoráide dramhaíola do gach bonneagar nua (agus an treoir seo le leabú i bPleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil). | A chinntiú go bhfuil forbairtí bonneagair ag teacht le hord na réiteach dramhaíola, le treoir lonnaithe agus le creat beartais níos leithne an Phlean seo trí theagmháil leis an mBord Pleanála, le hÚdaráis Phleanála agus le comhlachtaí ábhartha eile. |
| **BS11.2** | **GT11.2 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Neamhthuilleamaíocht náisiúnta a fheabhsú le bonneagar bainistithe dramhaíola inbhuanaithe a fhorbairt nuair is indéanta agus inmharthana. | Clár Náisiúnta um Acmhainneacht Bonneagair Dramhaíola agus feabhsuithe eile a fhorbairt chun cabhrú leis an bpróiseas toilithe. |
| **BS11.3** | **GT11.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A áirithiú go gcuirfidh údaruithe bonneagair dramhaíola amach anseo an acmhainneacht údaraithe agus an acmhainneacht atá ar fáil sa mhargadh san áireamh. | A chinntiú go bhfuil saoráid amháin ar a laghad in aghaidh an údaráis áitiúil údaraithe chun dramhaíl a stóráil ó thionscadail cothabhála bóithre agus ó thionscadail tógála eile de chuid na n-údarás áitiúil. |
| **BS11.4** | **GT11.4 (An Bord Pleanála/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Oibriú le rialtóirí chun na próisis toilithe le haghaidh bonneagair agus oibríochtaí nua nó modhnaithe a bhrostú lena chinntiú go seachadfar an acmhainneacht riachtanach go héifeachtúil. | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a bhaineann le dramhaíl maidir le hord na réiteach dramhaíola, leanúnachas gnó agus teagmhasacht. |
| **BS11.5** | |
| Oibreoidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola ar chlár náisiúnta acmhainneachta a fhorbairt agus a chothabháil do gach oibríocht cóireála dramhaíola údaraithe laistigh den Stát. | |

# RÉIMSE FÓCAIS 12 BONNEAGAR ATHÚSÁIDE/ DEISIÚCHÁIN

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Tacaíocht theicniúil, rialála agus airgeadais a chur ar fáil chun forbairt na hearnála athúsáide/deisiúcháin a chur chun cinn chun cosc a chur ar ábhair éirí isteach ina ndramhaíl. | Cuimsíonn bonneagar cóireála dramhaíola saoráidí próiseála, athshlánaithe agus diúscartha agus cosnaíonn rialáil na saoráidí an comhshaol agus sláinte an duine. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS12.1** | **GT12.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Forbairt na dtionscnamh deisiúcháin agus ullmhúcháin le haghaidh athúsáide a chur chun cinn le tacaíocht theicniúil, rialála agus airgeadais a sholáthar ag obair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil dheonach agus le páirtithe eile tríd an gComhpháirtíocht Náisiúnta Athúsáide agus Deisiúcháin. | Tacaíocht theicniúil agus oiliúint a chur ar fáil don earnáil athúsáide agus deisiúcháin. |
| **BS12.2** | **GT12.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Tacú le cláir oiliúna, iad a fhorbairt agus a sheachadadh chun uasoiliúint in athúsáid agus deisiú a chur ar fáil. | Éascú a dhéanamh ar athúsáid agus deisiú ag Ionaid Fóntas Poiblí ainmnithe. |
| **BS12.3** | **GT12.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Tacú le forbairt bonneagair agus tionscnamh inmharthana athúsáide/deisiúcháin, lena n-áirítear aisghabháil ábhar nó bonneagar réamhchóireála ardfhorbartha eile a mhéadaíonn acmhainneacht chiorclach na n-ábhar. | Seirbhís bailithe thiomnaithe amháin a phíolótú le haghaidh táirgí indeisitheachta féideartha i ngach réigiún agus ailíniú le cleachtóirí deisiúcháin. |
| **BS12.4** | **GT12.4 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Forbairt gníomhaíochtaí ciorclacha a spreagadh lena spreagtar agus lena dtacaítear le margaí d'ábhair thánaisteacha inmharthana agus le margaí táirgí tánaisteacha in earnálacha na tógála, na tionsclaíochta agus an bhithgheilleagair. | Margaí ábhar féideartha a shainaithint agus a spreagadh le haghaidh earraí athúsáide agus deisithe. |
| **BS12.5** | **GT12.5 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Oibriú le páirtithe leasmhara chun bacainní árachais agus dliteanais a shárú laistigh de na margaí athúsáide agus deisiúcháin. | Imscrúdú a dhéanamh ar an gcóras údaraithe iomchuí le haghaidh gníomhaíochtaí athúsáide agus deisiúcháin. |
| | **GT12.6 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)** |
| | Comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tríd an gComhpháirtíocht Náisiúnta Athúsáide agus Deisiúcháin chun gabháil sonraí athúsáide agus deisiúcháin a éascú. |

# RÉIMSE FÓCAIS 13 BONNEAGAR ATHCHÚRSÁLA

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Tacú le fás leanúnach na hearnála athchúrsála in Éirinn do shruthanna ábhair inmharthana. | Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun acmhainneacht chiorclach saoráidí díleá agus múiríníthe anaeróbach a uasmhéadú chun aschuir ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil ardchumas ciorclach acu. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS13.1** | **GT13.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tacú le forbairt na hacmhainne réamhchóireála (le haghaidh athchúrsála), athphróiseála agus athchúrsála i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, go heacnamaíoch agus ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le prionsabal na gaireachta. | Clár an bhonneagair athchúrsála a chothabháil ar Mywaste.ie chun Ionaid Fóntas Poiblí, Ionaid Fág Anseo agus saoráidí Íoc le hÚsáid a chur san áireamh. |
| **BS13.2** | **GT13.2 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/Duine aonair)** |
| Tacú le bonneagar bainistíochta plaisteach a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil bunábhar glan, iontaofa ar fáil do ghléasraí próiseála agus athchúrsála. | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir leis an gciorclaíocht Bunluatha Loisceora ag baint úsáid as fotháirge nó meicníochtaí rialála ábhar nach dramhaíl a thuilleadh iad. |
| **BS13.3** | **GT13.3 (EPR/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Tacú le forbairt acmhainne athchúrsála agus ionaid asdíola do bhoinn dramhaíola i gcomhréir le prionsabal na gaireachta chun an spleáchas ar onnmhairiú an tsrutha dramhaíola seo a laghdú. | Critéir chiorclaíochta a leagan síos do bhoinn dramhaíola i gcomhar leis an scéim comhlíontachta agus an bonneagar a theastaíonn a aithint. |
| **BS13.4** | **GT13.4 (EPR/An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil/Duine aonair)** |
| Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun acmhainneacht chiorclach saoráidí díleá agus múiríníthe anaeróbach a uasmhéadú chun aschuir ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil ardchumas ciorclach acu. | Próisis agus aschuir Saoráidí Aisghabhála Ábhar a mheas, sprioc a leagan le haghaidh chiorclaíocht na sruthanna dramhaíola agus feabhsúcháin ar phróisis nó próisis mhalartacha a shainaithint. |
| **BS13.5** | **GT13.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)** |
| Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun acmhainneacht chiorclach saoráidí díleá agus múiríníthe anaeróbach a uasmhéadú chun aschuir ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil ardchumas ciorclach acu. | A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun tuairisceáin bhliantúla ó bhailitheoirí agus saoráidí a athbhreithniú agus a bhailíochtú agus easnaimh a aithint nuair is ann dóibh. |

# RÉIMSE FÓCAIS 14 BONNEAGAR AISGHABHÁLA

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Monatóireacht a dhéanamh ar an mbonneagar aisghabhála atá ann cheana agus an gá atá le bonneagar aisghabhála breise laistigh den Stát do dhramhaíl bhardasach agus tógála a aithint. | Áirítear le bonneagar aisghabhála aon oibríocht inarb é an príomhthoradh dramhaíl a chur in ionad ábhar eile a d'úsáidfí chun feidhm áirithe a chomhlíonadh, nó dramhaíl atá á hullmhú chun an fheidhm sin a chomhlíonadh. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS14.1** | **GT14.1 (An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Tacú le forbairt na hacmhainne réamhchóireála le haghaidh aisghabhála i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, go heacnamaíoch agus ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le prionsabal na gaireachta. | A chinntiú go bhfuil sceideal comhaontaithe de mhúchtaí cothabhála pleanáilte laistigh den earnáil theirmeach chun cur isteach ar chóireáil dramhaíola a íoslaghdú. |
| **BS14.2** | **GT14.2 (An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A bheith ag tacú le soláthar 200,000 go 300,000 tonna d'acmhainneacht aisghabhála theirmigh thiomnaithe bhreise chun dramhaíl iarmharach neamhghuaiseach a chóireáil go náisiúnta, lena chinntiú go bhfuil acmhainneacht chóireála teirmeach gníomhach go leor ann. | Critéir chiorclaíochta a leagan síos don aschur ó shaoráidí cóireála bitheolaíocha agus do shruthanna dramhaíola tógála agus scartála ithreach agus eile. |
| **BS14.3** | **GT14.3 (An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Monatóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht na Saoráide Aisghabhála Ithreach sa mhargadh chun a chinntiú go bhfuil údaruithe leordhóthanacha agus iomchuí i bhfeidhm, i ngach réigiún, chun an gá atá le hacmhainneacht aisghabhála ithreach a shásamh. | Na himpleachtaí a bhaineann le luachanna calrach ar acmhainneacht teirmeach a chinneadh leis an earnáil aisghabhála teirmí (e.g. gléasraí dramhaíl go fuinneamh). |
| **BS14.4** | **GT14.4 (An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A bheith ag tacú le soláthar acmhainneachta cóireála do shruthanna dramhaíola tógála agus scartála neamhghuaisí (go háirithe ithreacha, mínbhrus, spallaí agus coincréit). | Úsáid Breoslaí Athshlánaithe Soladacha a uasmhéadú san earnáil comhphróiseála (e.g., gléasraí stroighne) i gcomhréir le coinníollacha ceadúnais. |
| **BS14.5** | **GT14.5 (An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A bheith ag tacú le soláthar acmhainneachta náisiúnta le haghaidh bunluatha ó shaoráidí cóireála teirmí atá ann cheana féin, go dtí go soláthrófar úsáidí malartacha a bharrfheabhsaíonn ciorclaíocht an ábhair seo. | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Ceadúnas Aisghabhála Dramhaíola a chur i bhfeidhm chun cur isteach ar chóireáil dramhaíola a sheachaint. |
| **BS14.6** | |
| A bheith ag tacú le forbairt bonneagair agus tionscnamh ciorclach bithgheilleagair a thagann le beartais an Phlean seo agus an Phlean Gníomhaíochta Bithgheilleagair Náisiúnta 2023-2025. | |

# RÉIMSE FÓCAIS 15 BONNEAGAR DIÚSCARTHA

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Acmhainneacht leordhóthanach diúscartha a chothabháil ag láithreáin líonta talún agus soláthar a dhéanamh maidir le hacmhainneacht teagmhasach le haghaidh imeachtaí nach mbeidh súil leo. | Áirítear le bonneagar diúscartha aon oibríocht nach aisghabháil í fiú i gcás ina bhfuil iarmhairt thánaisteach ag an oibríocht amhail substaintí nó fuinneamh a aisghabháil. |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS15.1** | **GT15.1 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Ní thacaítear le hacmhainneacht bhreise diúscartha do dhramhaíl neamhghuaiseach ach amháin i gcomhthéacs chomhlíonadh sprioc AE maidir le diúscairt chuig líonadh talún nach mó ná 10% de DSB faoi 2035. | An tuarascáil mhionsonraithe indéantachta a ullmhú le haghaidh saoráid dramhaíola teagmhasach náisiúnta. |
| **BS15.2** | **GT15.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A áirithiú go soláthrófar acmhainneacht dramhaíola teagmhasach iomchuí mar fhreagairt ar chur isteach ar an margadh agus/nó ar imeachtaí a chruthaíonn riosca don chomhshaol agus/nó do shláinte daoine agus beostoic. | Moltaí na tuarascála indéantachta mionsonraithe ar dramhaíl theagmhasach náisiúnta a chur i bhfeidhm. |
| **BS15.3** | **GT15.3 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A chinntiú go leanfar den Chlár Feabhsúcháin um Líonadh Talún stairiúil i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe atá ann cheana. | Imscrúdú agus feabhsúchán na líonta talún stairiúla cláraithe neamhrialaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe agus leis na ceaduithe reachtúla is gá. |
| **BS15.4** | **GT15.4 (Duine aonair/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Úsáidí talún malartacha iomchuí a spreagadh ag líonadh talún neamhghníomhacha údaraithe (láithreáin líonta talún nár cuireadh tús leo, dúnta go buan, nó dúnta go sealadach) faoi réir leasuithe ar cheaduithe atá ann cheana. | Comhoibriú leis na hoibreoirí líonta talún chun a chinntiú go bhfuil tosaíocht ag dramhaíl bhardasach iarmharach don acmhainneacht bhearna líonta talún ceadúnaithe atá ar fáil thar shruthanna dramhaíola eile. |
| **BS15.5** | **GT15.5 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Úsáidí talún iomchuí a spreagadh ag láithreáin líonta talún stairiúla fheabhsaithe atá comhsheasmhach le critéir maidir le cosaint an chomhshaoil agus nach gcuireann isteach ar an réiteach feabhsúcháin. | Oibreoidh Earnáil na nÚdarás Áitiúil i dteannta a chéile chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí féideartha maidir le hiarchúram ar láithreáin líonta talún. |
| **BS15.6** | **GT15.6 (Earnáil Rialtais Áitiúil/An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)** |
| Straitéis chomhtháite agus chomhordaithe a fhorbairt chun freagairt do na dúshláin oibríochtúla agus airgeadais a bhaineann le hiarchúram líonta talún. | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Ceadúnas Diúscartha Dramhaíola a chur i bhfeidhm chun cur isteach ar chóireáil dramhaíola a sheachaint. |

# RÉIMSE FÓCAIS 16 BONNEAGAR DRAMHAÍOLA GUAISÍ

| Cuspóir | Céard atá i gceist leis? |
|---|---|
| Acmhainneacht leordhóthanach diúscartha a chothabháil ag láithreáin líonta talún agus soláthar a dhéanamh maidir le hacmhainneacht teagmhasach le haghaidh imeachtaí nach mbeidh súil leo. | Tá gá le bonneagar dramhaíola guaisí chun ábhair a bhainistiú a thaispeánann ceann amháin nó níos mó de na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III den Chreat-Treoir Dramhaíola (pléascach, ocsaídiú, inadhainte, greannach, etc.). |
| **Beartais Spriocdhírithe** | **Gníomh Tosaíochta (Freagracht)** |
| **BS16.1** | **GT16.1 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| A bheith ag tacú le forbairt acmhainneacht breise chun cóireáil a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach de réir an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí lena chinntiú go bhfuil dóthain acmhainneacht cóireála gníomhaí ann. | Sruthanna dramhaíola guaisí a aithint sa chás go bhfuil riosca acmhainneachta cóireála gaolmhar ann. |
| **BS16.2** | **GT16.2 (Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Acmhainneacht bhliantúil a chothabháil chun dramhaíl aispeiste a chóireáil lena chinntiú go ndéantar an sruth dramhaíola a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gceanglas maidir le hacmhainneacht bhreise. | Bailiúcháin le haghaidh dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh agus dramhaíl ghuaiseach ar mhionscála a éascú agus cabhrú leo trí Ionaid Fóntas Poiblí agus/nó trí bhailiúcháin speisialta. |
| **BS16.3** | **GT16.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Earnáil Rialtais Áitiúil)** |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar fheidhmíocht bainistithe dramhaíola guaisí i rith phaindéim Covid-19 leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. | Clár de shaoráidí stórála/próiseála/cóireála dramhaíola guaisí a fhorbairt le fócas ar leith ar leanúnachas gnó agus ar theagmhas. |
| **BS16.4** | **TG16.4 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)** |
| Measúnú leanúnachais gnó a dhéanamh maidir le hacmhainneacht bainistithe dramhaíola guaisí leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. | Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Ceadúnas Dramhaíola Guaisí a chur i bhfeidhm chun cur isteach ar chóireáil dramhaíola a sheachaint. |

# 8 ACHOIMRE AR BHEARTA MAOLAITHE SEA AGUS AA

Bhí gach ceann de na Croí-Bheartais, na Sprioc-Bheartais agus na Gníomhartha Tosaíochta a liostaítear san imleabhar seo faoi réir measúnú comhshaoil trí dhá phróiseas reachtúla ar leith mar seo a leanas:

- Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ar an bPlean de réir na Treorach SEA (2001/42/EC) agus léirítear torthaí an mheasúnaithe i Ráiteas SEA a áirítear mar chuid d'**Imleabhar V Cuid A** den Phlean seo; agus
- Rinneadh Measúnacht Chuí (AA) freisin faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus léirítear torthaí an mheasúnaithe seo i Ráiteas Tionchair Natura a áirítear mar chuid d'**Imleabhar V Cuid B** den Phlean seo.

Eisítear na doiciméid seo le haghaidh comhairliúcháin leis an dréacht-Phlean seo de réir Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola.

Tá machnamh déanta i ngach measúnú ar an bhféidearthacht go mbeadh drochthionchar ar an gcomhshaol ó chur chun feidhme na gCroí-Bheartas, na Sprioc-Bheartais agus na nGníomhartha Tosaíochta atá liostaithe. Sa chás inar sainaithníodh sna measúnuithe sin go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag aon bheartas nó gníomhaíocht, léiríodh bearta maolaithe agus liostáladh na bearta sin ina n-iomláine in **Aguisín 12 d'Imleabhar IV**. Gealltar sa Phlean seo iad a ionchorprú trí chur i bhfeidhm an Phlean chun a chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar aige ar an gcomhshaol.

Tagann an maolú forordaithe laistigh de roinnt téamaí den chuid is mó mar atá liostaithe thíos:

- An gá atá ann lena áirithiú go gcomhlíonfaidh aon bhonneagar nó tionscnamh nua nó modhnaithe na córais rialála le haghaidh pleanála agus ceadúnú/ceadú (i gcás inarb infheidhme) agus go dtabharfar aird chuí ar phróisis reachtúla MTT agus AA;
- Oiliúint a chur ar bhaill foirne údaráis áitiúil atá ag gabháil do dhramhaíl nó do rialáil chiorclach agus d'fhorfheidhmiú maidir le próisis MTT agus AA a chomhlíonadh;
- Oiliúint ar fhoireann údaráis áitiúil atá ag tabhairt faoi sholáthar ar an ngeilleagar ciorclach;
- Cur chun feidhme na treorach maidir le suíomh a léirítear in **Aguisín 9 Imleabhar IV**;
- A chinntiú go bhfuil aon tacaíocht údaráis áitiúil a thairgtear do bhonneagar nó aon tionscnamh ag brath ar na gníomhartha seo a bheith ag cloí leis na ceanglais rialála go léir; agus
- Faisnéis a chur ar fáil don phobal ar mhaithe le trédhearcacht iomlán maidir leis an gcur chun feidhme.

Tá na bearta maolaithe seo oibríochtúil den chuid is mó agus glacfar iad laistigh de chur i bhfeidhm an Phlean.

Tugtar faoi deara, trí fhorbairt an Phlean, go raibh cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina príomhcheist maidir leis na príomh-sheasaimh agus an fhreagairt bheartais a bhunú. Léirítear é sin sa chéad cheann de na príomh-bheartais a leag síos an creat don Phlean a leabaíonn cosaint an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide laistigh de chroílár an Phlean:

- CB1: Maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dramhaíola agus ar bhearta rialaithe bruscair lena chinntiú nach bhfuil siad mar bhagairt don chomhshaol agus do shláinte an duine agus go gcuireann siad go dearfach leis an gciorclaíocht; agus
- CB2: Tacú le seachadadh na mbeart agus na ngníomhartha a fhorordaítear sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide chun cur leis na spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach.

Bunaithe ar thorthaí na measúnuithe SEA agus AA, táthar den tuairim go bhféadfar tabhairt faoin bPlean seo a chur i bhfeidhm gan aon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol faoi réir mhaolú AA agus SEA forordaithe.

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

REGIONAL
WASTE
MANAGEMENT
PLANNING OFFICES